TREOIRLÍNTE
UM CHOSAINT AGUS LEAS LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA

Meán Fómhair 2022

Tá físeán gairid ar fáil mar thús eolais ar Chlár Ríomh-Fhoghlama Tusla:
https://www.youtube.com/watch?v=HjitN5EWQvo

Tá Clár Ríomh-Fhoghlama Tusla Thús Áite do Leanaí ar fáil ag:
https://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme

Clár Ábhair

1. Ráiteas um Chumhdach Leanaí
2. Polasaí Chosaint leanaí a. Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA b. Daoine Sainordaithe
3. Déileáil le Líomhaintí nó Amhras faoi Dhrochúsáid Leanaí
4. Tuairisciú ar mhí-úsáid a bhfuil taifead air nó a bhfuil amhras ann faoi (féach Aguisín 2 do chatagóirí mí-úsáide);
5. Líomhaintí i leith Fostaithe /Oibrí Deonach faoi Dhrochúsáid Leanaí
6. Polasaí Earcú agus roghnú Foirne/ Bainistiú agus Stiúradh Fóirne
7. Polasaí Grinnfhiosrácháin
8. Cód Iompraíochta idir Oibrithe agus Leanaí/daoine óga
9. Polasaí Bulaíochta
10. Polasaí Timpistí agus Eachtraí.
11. Polasaí Gearáin agus Ráitis
12. Polasaí Tuairimí agus gearáin do leanaí/ daoine óg
13. Tuairiscí
14. Polasaí Rúndacht
15. Polasaí na meáin Shóisialta
16. Ról na bPríomhchúramóirí

AGUISÍN

AGUISÍN 1: Daoine Sainordaithe

AGUISÍN 2: Sainmhínithe ar Mhí- úsáid/ Bulaíocht agus chibéarbhulaíocht
AGUISÍN 3: Caomhnóireacht
AGUISÍN 4: Teagmháil Oibrí Sóisialta
AGUISÍN 5: Children First Information and Advice Officers
AGUISÍN 6: Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí
AGUISÍN 7: Foirm teistmeireacht oibrí deonach
AGUISÍN 8: Declaration Form
AGUISÍN 9 Liosta seiceála na ngníomhaíochtaí riachtanacha
AGUISÍN 10: Liosta Léithreachta
AGUISÍN 11: Reachtaíocht Iomchuíd'Eagraíochtaí a Oibríonn le Leanaí

1. Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Tá Fíbín Teo, lonnaithe i nGaeltacht Chonamara. Tá Fíbín ar cheann de na comhlachtaí drámaíochta is uaillmhianaí agus is gníomhaí sa tír i láthair na huaire. Tá Fíbín ar cheann de na comhlachtaí is mó i dtaobh camchuairteanna agus drámaí oideachasúla trí Ghaeilge a léiriú.

Maidir le hullmhúchán Ráiteas um Chumhdach Leanaí, tá aontaithe ag FÍBÍN leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo agus cuirfidh muid i bhfeidhm iad ina n-iomláine, gan leasú.
De réir riachtanais an ***Achta Tús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta Um Chosaint agus Leasa Leanaí Treoir maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a Fhorbairt (www.tusla.ie)*** Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár gcuspóir leanaí/daoine óga a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

Nósanna Imeachta:
Cosaint agus Leas Leanaí a aithint mar an rud is tábhachtaí, beag beann ar chúrsaí eile.

Cloí ina iomláine leis na dualgais reachtúla faoin *Achta Tús Áite do Leanaí 2015* **agus le reachtaíocht eile ábhartha a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí**.

- Nósanna imeachta maidir le líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair i gcoinne oibrithe/oibrithe deonacha ar leanbh/duine óg a bhaineann leas as ár seirbhís a bhainistiú;
- Nósanna imeachta le haghaidh earcaíocht agus roghnú sábháilte oibrithe agus oibrithe deonacha chun oibriú le leanaí/daoine óga;
- Nósanna imeachta maidir le soláthar agus bealaí ar oiliúint agus ar fhaisnéis chosanta leanaí, lena n-áirítear an díobháil a aithint;
- Nós imeachta maidir le hábhar imní a bhaineann le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú chuig Tusla;
- Nós imeachta chun liosta daoine a choinneáil sa tseirbhís ábhartha ar daoine sainordaithe iad;
- Nós imeachta chun duine oiriúnach a cheapadh;
- Meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí chosaint leanaí;
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leas leanaí;
- Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí/ Daoine óga a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar bhaol neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faillí ina gcoinne;
- Maidir le haon bhall fóirne ata ina (h)ábhar fiosrúcháin (pé cur síos a dhéantar air) maidir le haon ghníomh , le haon neamhghníomh , nó le haon chás , maidir le haon leanbh/duine óg atá ag freastal ar an tseirbhís, cloíonn muid leis na nósanna imeachta atá againn;
- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn muid le riachtanais ghrinnfhiosraithe reachtúla an *Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016* agus le treoir níos forleithne dhualgas chúraim leagtha amach i gciorcláin ábhartha na nGardaí a bhaineann le grinnfhiosrúchán.

Maidir le soláthar an eolais agus, nuair is gá, teagaisc agus oiliúna don fhoireann maidir le déanamh díobhála a aithint (mar a shainmhínítear san *Acht 2015*) déanann Fibín na nithe seo a leanas -

- **Cóip de Ráiteas Um Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den**

fhoireann

- **Lucht foirne a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chuí**
- **Coimeádann an comhlacht taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne.**

- Maidir le hábhair imní/buarthaí faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Thusla, tá ceangal ar gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí* iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Tá an DIA luaite ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear san *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015)* le bheith ina chéadphointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- De réir an *Achta um Thús Áite do Leanaí 2015*, tá Fíbín taréis measúnacht baoil a dhéanamh ar an mbaol go mbainfeadh féidearthacht díobhála do leanaí/ daoine óga agus iad ag freastal ar an tseirbhís nó ag glacadh páirte í imeachtaí. Tá measúnacht scríofa a leagann amach na réimsí riosca aitheanta agus na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú ceangailte leis an Ráiteas seo.

1. Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín agus tá sé curtha ar fáil do gach ball de lucht foirne agus don choiste, Tá sé ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Thusla.

2. Déanfar Aithbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí nó chomh luath agus is féidir tar éis aon athruithe ábhartha ar aon rud a ndéanann an Ráiteas seo tagairt dó.

Measúnú Riosca

Thugamar faoi mheasúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfar díobháil do leanbh/ duine óg fad a chuirtear ár seirbhísí ar fáil dóibh, limistéar na sábháilteachta ar líne san áireamh nuair a fhaightear rochtain ar an idirlíon. Seo thíos liosta de na réimsí riosca a aithníodh agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Údar	**Riosca a aithint**	**Nós imeachta i bhfeidhm chun an riosca a aithint agus a bhainistiú**	**Leibhéal riosca**
1 Díobháil ag tarlú do leanaí/daoine óga	Gan riosca díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú. Gan tuiscint ar chosaint leanaí. Gan DIA a chur ar an eolas	'Ráiteas um Chumhdach Leanaí' agus cóip de 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí ' a chur ar fáil do gach ball foirne DIA & Leas-DIA. Foireann iomlán le clár r-fhoghlama Túsla 'Introduction to Children First'& clár r-fhoghlama 'Cosaint Leanaí' a chomhlíonadh.	meán
2 Cosc a chur ar bhulaíocht	An riosca go ndéanfaí díobháil bhulaíochta:	Cuirtear Polasaí Bulaíocht:	Ard

	Gan bhulaíocht a thuairiscú nó gan é a thabhairt faoi deara. Gan dóthaín feitheoireachta	Polasaí Cosaint Leanaí: Ráiteas um Chumhdach Leanaí I bhfeidhm. Nósanna imeachta ag na grupaí éagsúla lena bhfuil na leanaí/ daoine óga páirteach a gcúr le chéile. Déileáil leis leanbh/duine óg mar gheall ar bhulaíocht . Cód Iompair – Tá cóid iompraíochta ag eolas ag gach duine. Feitheoireacht chuí a chinntiú le linn gníomhachtaí	
3 Earcú Baill foirne/ oibrí deonacha	An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann díobháil do leanbh/ duine óg Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú.	Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Dearbhú Reachtúil maidir le cosaint leanaí duine oiriúnach a cheapadh; Gnáthnósanna seiceála ar nós tagairtí a iarraidh & a fhiosrú agus aon bhearnaí nár míníodh sa cv a chinntiú 'Ráiteas um Chumhdach Leanaí' cóip de 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí ' a chur ar fáil do gach ball foirne Clár r-fhoghlama Túsla 'Introduction to Children First'& clár r-fhoghlama 'Cosaint Leanaí'	Ard
4 Traenálaí /ealantóirí	An riosca go ndéanfadh an traenálaí díobháil do leanbh/ duine óg	Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána – déanta.	Íseal
5 Cuairteoirí	An riosca go ndéanfadh cuairteoirí ar láthair na díobháil do leanbh/ duine óg	Cuairteoirí le síniú isteach cárta aitheantais le taispeáint, más ábhartha Leanaí faoi chúram fostaí i gcónaí Seoltar leanaí i mbeirteanna má tá siad ag imeacht ón áit go háit le dul ar theachtaireachtaí nó ranganna	Ard
6 Páistí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu • ó mhionlaigh eitneacha nó imircigh • An Lucht Siúil •ó Mhionlaigh Chreidimh • faoi chúram an Stáit • ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí	An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh.duine óg gan tuiscint ar soghontachtaí	Polasaí bhulaíochta: cuirtear polasaí bhulaíochta i bhfeidhm agus Cód Iompair	meán
7 Úsáid Áiseanna ionaid eile	An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh/duine óg mar	Tá beartas maoirseachta agus nósanna imeachta soiléire chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí/daoine	Ard

imeachtaí	gheall ar gan dótháin mhaoirseacht agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí nach bhfuil ar láthair an ionaid	óga le linn gníomhaíochtaí pé áit a bhfuil sé ar siúl agus na leanaí/ daoine óga faoi chúram oibrí.	
8Timpistí	Leanbh/duine óg gortaithe	Polasaí Timpistí foireann ar neolas maidir leis an bpolasaí Riarachán ar Gharchabhair	Ard
. 9. Úsáid mí chuí ar na Meáin Shóisialta agus thrí cumarsáid le chéile	An riosca go mbeadh úsáid mí chuí ag tarlú ar na mhéain shóisialta nó sa grúpaí éagsúla. An riosca nach mbeadh iomhánna stóráilte ceart. Treallamh / fearais mí chaoi a úsáid M.sh fón póca pearsanta	Cód Iompar do Dhaoine Óga I bhfeidhm/Socruithe grúpa I bhfeidhm Polasaí Meáin Shóisialta	

Nóta Tábhachtach:Tugtar faoi deara gurb ionann riosca i gcomhthéacs na measúnachta seo agus an sainmhíniú a thugtar ar riosca díobhala san Acht um Tús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta.

Tuigimid gur próiseas leanúnach é an cur i bhfeidhm. Tá ár seirbhís tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár gcuspóir leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad ag baint leasa as ár seirbhís.

Ghlac FÍbín leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar an1 Meán Fómhair 2022.

Déanfar athbhreithniú ar an an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

1 Meán Fómhair 2023, nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith déanta ar aon ní lena mbaineann an ráiteas.

Sínithe: __ (Soláthraí)
Darach ó Tuairisc teagmhála an tsoláthraí] **Dáta 1/09/2022**

1. **Polasaí um Chosaint Leanaí**

Táimidne, Fíbín Teoranta, tiomanta do chur chuige a thugann aird ar riachtanais na hóige inár gcuid oibre le leanaí agus le daoine óga. Dearbhaímid go gcuirfimid timpeallacht agus taithí shábháilte ar fáil, áit a dtabharfar tús áite do leas an linbh/duine óga.
Cinnteoidh an tseirbhís go dtabharfar cosaint do gach leanbh/duine óg agus go gcoinneofar sábháilte ó dhíobháil nó drochúsáid d'aontoil a chosc, an oiread agus is féidir.
Glacfaidh an fhoireann/na hoibrithe deonacha sa tseirbhís leis na freagrachtaí dhlíthiúila atá orthu agus na róil atá acu i leas sóisialta an linbh**. *Acht um Chúram Leanaí 1991, an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 an tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988 agus an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016*. Cinnteoidh muid claoi leis na dualgais maidir leis an reachtaíocht naisiúnta, *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017,***

a. *Daoine Sainordaithe*

Is éard is Duine Shainordaithe ann ná aon duine a mbíonn teagmháil aige le leanaí agus/nó le teaghlaigh agus a bhfuil ról lárnach aige, mar gheall ar a gcáilíochtaí, a oiliúint agus/nó an ról fostaíochta atá aige, chun cabhrú le cosaint a thabhairt do leanaí ón dochar. Tá oibleagáidí dlíthiúla áirithe ar Dhaoine Sainordaithe faoin ***Acht um Thús Áit do Leanaí, 2015***,
Tagraítear do dhaoine dá leithéid mar "dhaoine sainordaithe" faoin Acht**. Duine sainordaithe** is ea **gach fostaí** atá ag obair go díreach le leanaí daoine óga.
Tá dualgas orthu

1. Díobháil do leanaí atá os cionn tairsí sainithe a thuairisciú do Thusla.

2. Cuidiú le Tusla má iarrtar é, chun measúnú a dhéanamh ar imní a tháinig faoi réir tuairisce sainordaithe. (Féach Caibidil 3 Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017)

Más duine sainordaithe thú, faoin reachtaíocht ceanglaítear ort tuairisc a dhéanamh faoi aon eolas, creidiúint nó amhras réasúnach atá agat go ndearnadh dochar do leanbh, nó go bhfuiltear ag déanamh dochar dó, nó go bhfuil baol ann go ndéanfaí dochar dó. Tá dochar sainmhínithe san Acht mar ionsaí, drochíde, faillí nó mí-úsáid ghnéasach, agus clúdaíonn sé cásanna aonair agus iolracha araon (Féach augisín2)

An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)

Cuirtear oibleagaid dhlíthiúil ar gach eagraíocht chuireann seirbhís ar fáil do leanaí/ daoine óga, Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA) a cheapadh, chun mí úsáid a thuairisciú.

Bunaithe ar **Chaibidil 2 de *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017*** maidir leis na ceithre phríomhchineál drochúsáide agus conas is féidir drochúsáid agus faillí a aithint, ní mór don lucht foirne go léir a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis seo chun a chur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

Tabharfaidh an **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)** eolas do thuismitheoirí/caomhnóirí bpríomchúramóirí, do leanaí/ daoine óga agus don fhoireann oibre faoi na nósanna imeachta a bhaineann leis an bPolasaí um Chosaint Leanaí.

Is duine sinsearach d'fhoireann **fíbín** atá mar DIA don tseirbhís

Ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)	**Darach Ó Tuairisg** 087 2869925.
Ainm an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)	**Mícheál Ó Domhnaill** 087 6535771.

Na dualgais : Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA

Freagracht dul i dteagmháil le Tusla **,** an Garda Síochána agus aon ghníomhaireacht eile, de réir mar is gá i gcás drochúsáid leanaí; a thagann faoi réir tuairisce sainordaithe agus gach tuairisc eile **Faoi réir an Achta *um Thús Áite do Leanaí 2015.***

1. Feidhmiú mar fhoinse eolais i leith nithe a bhaineann le cosaint leanaí:
2. Comhairle a thabhairt do fhoireanna/ oibrí deonacha faoi na riachtanais oiliúna atá ann maidir le cosaint leanaí:
3. Cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an bpolasaí um chosaint leanaí agus leis na nósanna imeachta;
4. Taifead a choinneáil maidir le haon chúis imní maidir le leanbh/ duine óg atá ag freastal ar an tseirbhís m.sh. teip ar fhorbairt an linbh, éadach míchuí, chinntiú go gcuirfear an tuairisc i scríbhinn agus faoi rún;
5. Cinntiú go gcoinnítear taifead suas chun dáta ar gach cás, mar aon le gach gníomh a rinne an tseirbhís:
6. Glacadh leis an imní atá i gceist agus é sin a mheas. Cinntiú go bhfuil dóthain sonraí le tuairisc a chuir ar aghaidh:

7. Tá dualgas ar an DIA taifead a dhéanamh de gach imní nó líomhain i ndáil le drochúsáid leanaí a cuireadh in iúl dó/di, mar aon leis na bearta a rinneadh tar éis imní nó líomhain ar dhrochúsáid leanaí a fháil;
8. Coinneoidh an DIA cóip de gach tuairisc a chuir sé nó sí ar Taiseacht Gréasáin Tusla http://www.tusla.ie/childrenfirst/publications-andforms agus coinneoidh siad taifead d'aon bheart breise atá le déanamh ag an DIA agus d'aon chumarsáid bhreise le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile i ndáil leis an tuairisc sin.

Má chinneann an DIA nach ceart ábhar imní a thuairisciú chuig Tusla, seo iad na ceimeanna a leanfá:

- Tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir i scríbhinn maidir leis na cúiseanna nach bhfuil aon bheart á dhéanamh i dtaca leis an tuairisc.
- Coinneoidh an DIA cóip den ráiteas.
- Ní mór don DIA a chur in iúl don fostaí nó oibrí deonach a léirigh an t-imní nach bhfuil an t-ábhar a thuairisciú, ach má tá siad féin fós amhrasach, tá cead acu tuairisc a chuir ag Tusla nó An Garda Síochána.
- Má chinneann an duine an imní a thuairisciú chuig Tusla is ceart dó nó di úsáid a bhaint as Foirm Thuairiscithe Thusla atá le fáil ar shuíomh idirlín Thusla http://www.tusla.ie/childrenfirst/publications-andforms
- Cuirfidh an duine sin cóip den tuairisc sin ar fáil don DIA.
- Tugtar cosaint dóibh faoin ***An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988,*** ***má thugann tú tuairisic faoi mí úsaid leanaí amhrasach d'oifigigh ainmnithe*** **Thusla, FSS nó An Garda Síochána**
- Trí chomhairliúchán neamhoifigiúil a dhéanamh in éineacht le hOibrí Sóisialta Thusla, tugtar deis duit an cheist a phlé go ginearálta agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil cúis le tuairisc oifigiúil a thabhairt. Sa chás gurb í an chomhairle a fhaightear ó Tusla ná go bhfuil cúis ann le tuairisc a thabhairt, caithfidh sé a bheith luaite sa Bheartas Cosanta i d'eagraíocht gur chóir tuairiscí a thabhairt agus an fhaisnéis go léir is ábhartha a bheith curtha ar fáil. Nuair is comhairle atá á lorg, ní mór don pháirtí atá ag iarraidh an chomhairliúcháin a lua go sainráite nach bhfuil siad ag tabhairt tuairisce - go bhfuil siad ag déanamh cur síos ar shonraí faoi ábhar imní, ach nach bhfuil aon fhaisnéis aitheantais áirithe leis, maidir le leanbh nó lena theaghlach.

Eolas do Tuismitheoir/ bpríomchúramóirí,.

Tá cumrsáide le tuismitheoirí/bpríomchúramóirí, thar a bheith tábhacht le cinntiú go mbeidh an toradh is fearr a dhéanamh do leanaí/ daoine óga.
Pléiféar imní faoi sláinte agus leasa linbh/duine óg le tuismitheoir/bpríomchúramóirí ón tús.

- Is dea-cleachtais do DIA atá ag cur tuairisce faoi bhráid Thusla a chur in iúl do teaghlach go bhfuiltear ag déanamh tuairisce maidir lena leanbh/duine óg agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh an tuairisc a dhéanamh, **ach amháin sa chás go bhfuil contúirt ann don leanbh/duine óg. I gcás ar bith ina mbíonn fostaí ag cur tuairisce faoi bhráid Thusla, is é/í an DIA a bheidh freagrach as na tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas.**
- Déanfar taifead de comhrá an DIA le cur ar fáil do na tuismitheoirí/cúramóirí. Taifeadfar cinneadh de chuid an DIA gan tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas mar aon leis na cúiseanna nár dearnadh amhlaidh.

I gcás go mbíonn aon amhras ar an DIA maidir le tuismitheoirí/cúramóirí a chur ar an eolas faoi thuairisc a bheith á déanamh chuig Tusla, iarrfaidh an DIA comhairle ar Thusla.

3. Déileáil le Líomhaintí nó Amhras faoi Dhrochúsáid Leanaí

Maidir le cás ina bhfaigheann fostaithe/ oibrí deonacha eolas ar líomhain nó má tá amhras ann gur dearnadh drochúsáid nó faillí ar leanbh/ duine óg, go bhfuil drochúsáid nó faillí á déanamh ar leanbh/ duine óg, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí drochúsáid nó faillí ar leanbh/ duine óg. Chomh maith leis an ábhar a thuairisciú don DIA ní mór don fhostaí a chinneadh freisin an bhfuil sé riachtanach **tuairisc sainordaithe** a dhéanamh chuig Tusla maidir leis an imní sin.
Maidir leis sin, cloítear leis na nósanna imeachta seo go dtéann an fostaithe/ oibrí deonach i dteagmháil leis an DIA agus go ndéanann siad an tuairisc le chéile le cur chuig Tusla.
Ní mór déileáil le nochtadh drochúsáide go híogair agus go gairmiúil.

Moltar an cur chuige seo a leanas mar dhea-chleachtas chun déileáil leis:

- Fan socair nuair a fhaigheann tú an nochtadh.
- Éist go cúramach agus go haireach.
- Creid an leanbh/ duine óg.
- Cuir an leanbh/ duine óg ar a s(h)uaimhneas agus abair go ndearna sé/sí an rud ceart trí labhairt leat.
- Ná geall aon rud a choinneáil faoi rún.
- Ná cuir ceisteanna ar mhaithe le soiléireachta amháin.
- Ná cuir treoircheisteanna.
- Ná tabhair barúil ar bith faoin drochúsáideoir líomhnaithe.

- Cinntigh go dtuigeann an leanbh/ duine óg na nósanna imeachta atá le leanúint ina dhiaidh sin.
- Mínigh don leanbh/duine óg cad é an chéad rud eile a tharlóidh (ba chóir don mhíniú a bheith oiriúnach d'aois an linbh).
- Déan taifead scríofa den chomhrá a luaithe agus is féidir agus bíodh an oiread mionsonraí ann agus is féidir. Déileáil go rúnda leis an eolas.
- Tá sé de dhualgas ar an té a fhaigheann an t-eolas é a chur in iúl don DIA.

Sa chás go dtugann oibrithe faoi deara go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh/ daoine óg, mar shampla má bhíonn comharthaí, marcanna nó gortú i gceist nach féidir a mhíniú go réasúnta, nó má bhíonn iompraíocht neamhghnách ag an leanbh:

- Déanfar an t-eolas a thaifead, mar aon le dátaí, amanna agus aon eolas eile faoi na marcanna nó faoin iompraíocht;
- Cuirfear an t-eolas ar aghaidh chuig an DIA lena mheas.

Má chinneann an DIA nach ceart ábhar imní a thuairisciú chuig Tusla,

Seo iad na céimeanna:

- Tabharfaidh an DIA ráiteas soiléir i scríbhinn maidir leis na cúiseanna nach bhfuil aon bheart á dhéanamh i dtaca leis an tuairisc;
- Caithfidh an DIA cóip den ráiteas sin a choimeád;
- Ní mór don DIA a chur in iúl don fostaí/ oibrí deonach a leirigh an t-imní go féidir leo féin tuairisc a thabhairt má chreideann siad go bhfuil baol ann don leanbh/duine óg;
- Má chinneann an duine an imní a thuairisciú chuig Tusla is ceart dó nó di úsáid a bhaint as Foirm Thuairiscithe Thusla atá le fáil ar shuíomh idirlín Thusla http://www.tusla.ie/childrenfirst/publications-andforms; (Féach auigisín 6)
- Cuirfidh an fostaí/ oibrí deonach cóip den tuairisc sin ar fáil don DIA.

Tugtar cosaint dóibh faoin *An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988*, má thugann tú tuairisic faoi mí úsaid leanaí amhrasach d'oifigigh ainmnithe Tusla, FSS nó An Garda Síochána.

4, Tuairisciú ar mhí-úsáid a bhfuil taifead air nó a bhfuil amhras ann

Tuairisc a dhéanamh chuig Tulsa

Beidh tuairisc le cuir ag Tusla i gcónaí má tá na nithe seo i gceist.

- Nuair a bhíonn forais réasúnta imní ag duine gur dearnadh drochúsáid ar leanbh, go bhfuil drochúsáid á déanamh ar leanbh/duine óg, nó go bhfuil riosca ann go ndéanfaí drochúsáid nó faillí ar leanbh/ duine óg.
- Má dhéantar neamhaird de chomharthaí féideartha na drochúsáide, d'fhéadfaí díobháil leanúnach a bheith á déanamh don leanbh/ duine óg.
- Ní gá do dhuine a chruthú gur tharla drochúsáid chun imní a thuairisciú do Thusla. Ní theastaíonn ach go mbeadh forais réasúnta imní ag duine. Is é ról Thusla measúnú a dhéanamh ar an imní a tuairiscíodh dóibh. Má thuairiscítear imní, breithneofar an t-eolas go cúramach in éineacht le haon eolas eile atá ar fáil agus déanfar measúnú cosanta leanaí mar a n-aithnítear dóthain riosca.

Áiríthe sna forais réasúnta d'imní cosanta nó leasa faoi leanbh tá:

- Fianaise (m.sh. gortú nó iompar) atá i gcomhréir le drochúsáid agus nach dócha go raibh aon chúis eile leis.
- Imní ar bith faoi dhrochúsáid ghnéasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh/duine óg ó fhaillí mhothúchánach nó chorpartha.

- Leanbh/ duine óg a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile gur dearnadh drochúsáid orthu.
- **Imní ar bith faoi dhrochúsáid ghnéasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist.**
- Admháil nó tásc le duine fásta nó le leanbh faoi dhrochúsáid líomhnaithe a rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh/ duine óg á drochúsáid

Is féidir teagmhálacha náisiúnta do Thusla a fháil ar shuíomh idirlín Thusla, www.tusla.ie. (Féach Augisin 4)
Is ceart do gach duine sa tseirbhís a bheith ar an eolas faoi na sonraí teagmhála atá ag foireann Thusla
Uimhir teagmháil Thusla **091 546235 Gaillimh**

Má tá cúis práinneach le leanbh/duine óg a chosaint, Faoi réir an *Achta um Thús Áite do Leanaí 2015*. *Tá cead ag* daoine sainordaithe teagmháil a dhéanamh le Tusla tríd glaoch gutháin, sula lionfá sé/sí an Foirm Thuairiscithe beidh an fhoirm le Foirm Thuairiscithe Thusla a chomhlánú agus le seoladh taobh istigh do trí lá (Féach Augisin 5)

- I gcás imní ar bith (is cuma ar cuireadh an imní sin in iúl ar dtús go pearsanta, ar an bhfón nó i scríbhinn do Thusla nó don Garda Síochána), ní mór Foirm Thuairiscithe Thusla a chomhlánú chomh cuimsitheach is féidir.
- Tá an Fhoirm Thuairiscithe Thusla le fáil ar shuíomh idirlín Thusla http://www.tusla.ie/childrenfirst/publications-andforms Is féidir an fhoim a sheoladh ar an bportal tusla. Tá sé molta cóip a dhéanamh don tuairisc a chuir ar comhad.

Teastaíonn an eolais seo le cuir ar an bhfoirm chun cuidiú le Tusla d'imní a mheas

- Ainm seoladh agus aois an linbh/ duine óg
- Ainmeacha agus seoltaí na dtuismitheoirí / caomhnóirí
- Ainmeacha mas eol duit, an duine / na daoine atá ag déanamh an díobháil don leanbh/duine óg nó nach dtugann cúram cuí dóibh
- Cuntas mionsonsaithe ar d'fhorais imní (m.sh. sonraí na líomhna, dataí , tuairisisc ar na gortuaithe)
- Ainmeacha leanaí eile sa teaghlach
- Ainm an tseirbhís/ scoil ar a bhfreastalaíonnn an leanbh/duine óg
- Ainm an té atá ag déanamh an tuairisc

Más duine sainordaithe nó DIA tú agus nach bhfuil tú cinnte an sásaíonn an imní an tairseacht faoin Acht, is féidir leat teaghmháil neamh fhoirméatla a dhéanamh le Oibrí Sóisialta Thusla.
Bá cheart go dtuairisceofaí imníocha nach gcomhlíonnn an tairseach fós féin de réir na treoracha thuas, más ann d'imní réasúnta faoin leasa nó cosaint leanaí
Is féidir le duine sainordaithe tuairisc a dhéamah leo féin, ach an DIA a chuir ar an neolas agus cóip dean tuairisc a thabhairt do/dí.

Is é an Garda Síochána a phléifidh le gnéithe coiriúla ar bith de chás drochúsáide faoin reachtaíocht ábhartha um cheartas coiriúil. Má mheastar go bhfuil riosca láithreach ann do leanbh agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, is ceart teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill.

5. Líomhaintí i leith Fostaithe /Oibrí Deonach faoi Dhrochúsáid Leanaí)

Má dhéantar gearán in aghaidh ball foirne
Is é dualgas na seirbhís i gcásanna ina ndéantar líomhain drochúsáide in aghaidh fostaí dá chuid. Sa chomhthéacs seo, aithnítear oibrí deonach nach bhfaigheann aon íocaíocht mar fhostaí chomh maith. Tá sé tábhacht a thuiscint go gcaithfear cloí le dhá nós imeachta:
Na nósanna imeachta;
Ní mór dhá nós imeachta faoi leith a leanúint:

(a) an nós imeachta i leith na líomhna/an amhrais;
(b) an nós imeachta chun déileáil leis an bhfostaí.

1. Maidir leis an leanbh/duine óg pléifidh **Darach Ó Tuairisg** le ceisteanna a bhaineann leis an leanbh/duine óg.
2. Maidir leis an té a bhfuil an líomhain curtha ina leith pléifidh **Becky Ní hÉallithe** leis na ceisteanna a bhaineann leis an mball foirne.

Tá fíos ag gach fostaí/ oibrí deonach sa tseirbhís go bhfuil ortha teagmhail a dhéanamh le DIA, má bhíonn siad eolach faoi líomhaintí mí úsáid/ faillí in aghaidh duine sa tseirbhís.

Is é an chéad rud atá le cinntiú nach bhfuil an leanbh/duine óg i mbaol nuair nach gá sin;

- Má chuirtear líomhaintí in aghaidh an **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA** , **Darach ó Tuairisg**, ní mór teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí, **Mícheál Ó**

Domhnaill, atá ceaptha;

- Ba chóir cathaoirleach/ceannphort na heagraíochta a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir;
- Caithfear mar is cóir le gach duine a bheidh páirteach sa scéal.
- Cinnteofar nach mbeidh aon riosca eile i gceist don leanbh/ daoine óg. Cosaint na leanaí an ní is tábhachtaí atá le cur san áireamh, agus caithfidh sábháilteacht na leanaí agus leas na leanaí bheith mar thosaíocht i gcónaí.
- Déanfar an líomhain a mheas go sciobtha agus go cúramach.
- Leanfar nósanna imeachta mar atá aontaithe sna polasaithe agus de réir an chonartha fostaíochta.
- Déanfar taifead cruinn ar gach gné den phróiseas.
- Caithfear go cothrom leis an bhfostaí, agus áireofar leis sin an ceart gan aon bhreithiúnas a bheith déanta nó go mbeidh próiseas iomlán, cóir agus cothrom curtha i gcrích agus, áit is infheidhme,
- Ag gach céim den phróiseas caithfear cuimhneamh go bhfuil sé mar phríomhthosaíocht a chinntiú nach mbeidh aon riosca nach gá i gceist don leanbh/ daoine óg. Mar bheart práinne, déanfaidh an fostóir cinnte de go ndéanfar bearta cosanta ar bith a mbeidh gá leo, ar a n-áireofar, áit a bhfuil riachtanas práinneach cumhdaigh leanaí ann agus a iarradh ar an bhfostaí reatha atá faoi thrácht fanacht as an tseirbhís
- Déileáilfear leis an scéal faoi rún daingean i gcónaí agus ní nochtfar ainm an fhostaí, ach amháin mar is gá.
- Déanfar cinneadh ar ceart tuairisc a chur chuig Tusla. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar cé chomh mór agus a bheidh an imní.
- Beidh dlúthcheangal idir Fíbín agus Tusla san fhiosrúchán.
- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí na bPríomhchúramóirí an linbh/ duine óg ar an eolas.
- Cuirfear comhairle ar an té a bhfuil an chúis curtha ina leith maidir le:
    - An cás go bhfuil líomhain déanta ina leith;
    - An cineál líomhna atá déanta.
    - Caithfear deis a thabhairt don fhostaí an cás a fhreagairt, agus caithfear an freagra a nótáil agus a chur ar aghaidh chuig TUSLA in éineacht leis an tuairisc fhoirmiúil.

Fanfaidh Fibín i dteagmháil go dlúth agus go rialta le Tusla agus leis an nGarda Síochána agus glacfar cinneadh maidir leis an bhfostaí agus aird chuí á tabhairt ar eolas ar bith a thabharfaidh na húdaráis sin don chathaoirleach. Coimeádfaidh Fibín Tusla ar an eolas maidir le beart ar bith ar mhaithe le cumhdach leanaí atá déanta aige/aici nó atá ar intinn a dhéanamh aige/aici i leith an fhostaí.

Má dhéantar líomhain in aghaidh ball foirne,
Ní mór dhá nós imeachta faoi leith a leanúint:

1. Maidir leis an leanbh/duine óg pléifidh **Darach Ó Tuairisg** le ceisteanna a bhaineann leis an leanbh/duine óg.
2. Maidir leis an té a bhfuil an líomhain curtha ina leith pléifidh Becky Ní hÉallaithe leis na ceisteanna a bhaineann leis an mball foirne.

- Is é an chéad rud atá le cinntiú nach bhfuil an leanbh/duine óg i mbaol nuair nach gá sin;
- Má chuirtear líomhaintí in aghaidh an Oifigigh Ainmnithe, Darach ó Tuairisg, ní mór teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí, Mícheál Ó Domhnaill, atá ceaptha;
- Ba chóir na nósanna imeachta maidir le tuairiscí a dhéanamh atá pléite in Alt 3 de na

Treoirlínte seo a leanúint. Ba chóir na príomhchúramóirí agus an leanbh/duine óg a choimeád ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí atá pleanáilte agus atá curtha i gcrích. Ba chóir caitheamh leis an leanbh de réir mar atá oiriúnach dá (h)aois;

- Cuirfear an ball foirne ar an eolas a luaithe is is féidir faoi nádúr na líomhna;
- Ba chóir seans a thabhairt don bhall foirne freagra a thabhairt ar an líomhain;
- Ba chóir cathaoirleach/ceannphort na heagraíochta a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir;
- Ba chóir aon ghníomhaíocht a leanann líomhain mí-úsáide in aghaidh fostaí a chur i bhfeidhm tar éis dul i gcomhairle TUSLA agus leis na Gardaí;
- Tar éis na comhairle sin, ba chóir go ndéarfadh an cathaoirleach/ceannphort leis an gcúisí é agus go leanfaí na nósanna imeachta atá aontaithe. Is é dualgas na seirbhís i gcásanna ina

Is é An Garda Síochána a phléifidh le gnéithe coiriúla ar bith de chás drochúsáide faoin reachtaíocht ábhartha um cheartas coiriúil. Má mheastar go bhfuil riosca láithreach ann do leanbh agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, is ceart teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill.

Príomhchúramóirí agus líomhain mí úsáid/ faillí i leith fostaí/ oibrí deonacha

- Tá sé do cheart ag tuismitheoirí/caomhnóirí na bPríomhchúramóirí tuairisc a dhéanamh chuig Tusla faoi an tseirbhís / nó fostaí maidir le mí úsáid / faillí.
- Coimeádfaidh Fibín tuismitheoirí/caomhnóirí na bPríomhchúramóirí an linbh/ duine óg ar an eolas faoi aon bheart atá pleanáilte nó a dhéanamh.
- Má tá imní go bhfuil leanbh/duine óg i mbaol, cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí na bPríomhchúramóirí ar neolas láithreach

6. Polasaí Earcaíochta

Fostóir comhdheiseanna is ea Fibín agus tá siad tiomanta an duine is fearr a earcú don phost. Cinnteofar comhdheiseanna agus cothromas do fostaí.
Bainfidh sé seo le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, daoine den lucht siúil agus creideamh.
Cinnteoimid go roghnófar baill foirne go cúramach, agus go gcuirtear oiliúint oiriúnach orthu agus go ndéanfar feitheoireacht chuí orthu, d'fhonn timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a bhíonn rannpháirteach sna healaíona.
Sonraíonn an polasaí seo na nósanna imeachta a leanfar nuair a bheidh fostaithe agus oibrithe deonacha á n-earcú.

Shainchuntas Poist agus Sonraíocht faoin bPearsa

Tabharfaidh an sainchuntas poist míniú ar an bpost atá á fhógairt agus na príomhdhualgais a bhaineann leis an bpost agus déanfaidh an tsonraíocht faoin bpearsa cur síos ar an duine a theastaíonn don phost, na cáilíochtaí agus na tréithe a chaithfidh a bheith ag an duine sin agus téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta, foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus eolas cuí faoi chúlra an phoist, ag an am a ndéanfar an t-iarratas.

- Cinnteofar rólanna agus freagrachtaí ar bhealach soiléir do gach post(cé acu íoctha nó deonach);
- Beidh cóip de dualgais an phoist le fáil ar iarratas;

- Scaipfear fógraí faoi phoist go forleathan;

An phróiseas iarratais

- Beidh ar gach iarrthóir curriculum vitae suas go dáta a chur isteach leis an t-iarratas.
- Fiosrófar aon bhearnaí aitheanta maidir le hoideachas/oiliúint/fostaíocht an iarrthóra.
- Má thugtar eolas bréagach nó míthreorach ar an iarratas, ar an bhfoirm ghrinnfhiosrúcháin breathnófar air sin mar shárú iontaoibhe agus d'fhéadfadh neamhcheapachán, próiseas smachta nó gan an fostaí a dheimhniú sa phost a bheith mar thoradh air.

Agallaimh

Roghnóidh painéal de bheirt ionadaithe ar a laghad (nó níos mó) trí mheán agallaimh an fostaí; Déanfar gearrliosta d'iarrthóirí más gá agus socrófar suas painéal agallaimh mar seo a leanas:

- Caithfidh aon bhall den phainéal agallaimh a bhfuil aon chaidreamh pearsanta nó gairmiúil acu le haon iarrthóir é sin a chur in iúl do bhaill eile an phainéil agus glacfaidh cinneadh an bhfuil sé oiriúnach dóibh leanúint ar aghaidh ar an bpainéal agallaimh.
- Cuirfear liosta ceisteanna le chéile chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrthóirí ar fad bunaithe ar inniúlachtaí, scileanna agus taithí mar atá leagtha síos sa sainchuntas poist/sonraíocht an phearsa. Cuirfear na ceisteanna céanna ar na hiarrthóirí ar fad.
- Tabharfar deis do gach iarrthóir ceisteanna a chur nó eolas breise a iarraidh ag deireadh an agallaimh
- Coinneofar scórála ar a mbeidh na critéir a theastaíonn don phost agus an chaoi ar scóráil gach iarrthóir do gach ceist. Coinneofar nótaí mionsonraithe ó gach agallamh ag taispeáint cén chaoi ar tugadh na marcanna.
- Deimhneofar go bhfuil an t-iarrthóir sásta go ndéanfar teagmháil leis an dá mholtóir a bheidh tugtha.
- Coinneofar taifid ar an ngearrliostú agus ar an bpróiseas agallaimh ar feadh 12 mhí.
- Má theastaíonn aiseolas ó aon iarrthóir faoina n-agallamh beidh siad i dteideal é sin a fháil ar bhealach tráthúil.

Roghnú

- Beidh ar iarrthóirí foirm iarratais a líonadh
- Déanfar an roghnú ar an mbunús seo a leanas: oiliúint/cáilíochtaí, taithí, oiriúnacht don phost, scileanna cumarsáide, cumas oibriú le leanaí/ daoine óga in aoisghrúpaí éagsúla agus cumas oibriú mar chuid d'fhoireann.
- Déanfaimid ár ndícheall daoine a bhfuil na cáilíochtaí is oiriúnaí acu a roghnú;
- Déanfar an post a thairiscint don iarrthóir leis an scór is airde nuair a bheidh a gcuid teistiméireachtaí fíoraithe, agus go bhfuil an painéal sásta go bhfuil an duine oiriúnach don phost.
- Beidh an t-iarrthóir a n-éireodh leis/léi deimhniú a shíniú nach bhfuil aon taifead coiriúil acu a chuirfeadh cosc orthu oibriú le leanaí/ daoine óga.
- Beidh ar gach fostaí nua cruthúnas aitheantais a chur ar fáil (pas reatha nó ceadúnas tiomána)
- Beidh gá le dhá teistiméireachtaí i bhfoirm scríbhinne. Tuairiscí a scríobhadh gar d'am an iarratais a bheidh iontu, bainfidh siad le hábhar, agus cinnteofar iad.
- Seiceálfar teistiméireachtaí ar an bhfón ó bhéal trí theagmháil a dhéanamh leis na

húdair agus deimhneofar stair fostaíochta an iarrthóra, cáilíochtaí, taithí agus oiriúnacht don phost.

- Tabharfar conradh fostaíochta taobh istigh do ??????? lá ón am a nglacann an té a cheaptar sa phost leis an bpost.
- Tabharfar pacáiste eolais agus cóip den polasaithe nósanana imeachta do gach fostaí nuair a thosóidh siad sa phost.

Próiseas Grinnfhiosrúcháin

- Cuirfear an phróiseas grinnfhiosrúcháin i bhfeidhm sula dtosóidh sé/sí ag obair le leanaí/ daoine óga sa tseirbhís (féach Polasaí Grinnfhiosrúcháin)
- Cuirfidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leo cruthúnas aitheantais (pas, ceadúnas tiomána) Déanfar cóip díobh sin agus coinneofar ar chomhad iad.
- Sa chás go bhfaightear nochtadh grinnfhiosrúcháin atá ina chúis imní maidir le hiarrthóir, caithfidh an tseirbhís measúnú riosca cuimsitheach a dhéanamh chun a dhearbhú an bhfuil an t-iarrthóir oiriúnach don phost. (Feách Polasaí Ghrinnfhiosrúcháin)

Ní fhostófar aon duine a meastar faoi/fúithi go bhféadfadh baol a bheith i gceist leo dá mbeidís ag obair le leanaí/daoine óga; (feach Polasaí Ghrinnfhiosracháin**)**

Ar na cúiseanna a bhféadfaí duine a chur as an áireamh tá:

a. Aon chiontaithe a bhaineann le leanaí;
b. Diúltú an fhoirm iarratais nó an fhoirm dhearbhaithe a shíniú;
c. Gan dóthain fianaise scríofa a chur ar fáil d'fhonn ionannas nó aitheantas a chinntiú;
d. Cur i bhfolach faisnéise a bhaineann le hoiriúnacht an iarrthóra a bheith ag obair le leanaí;

- Beidh ar gach ball foirne géilleadh do chuardach glanréitithe ó na Gardaí; má bhíonn a leithéid ar fáil, lorgófar é

Promhadh

Beidh gach fostaí nua ar thréimhse phromhaidh ar feadh na chéad ?? mhí dá gcuid fostaíochta.

- Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an fhostaí leathbealaigh tríd an tréimhse phromhaidh agus arís ag deireadh na tréimhse promhaidh.
- Coinníonn Fíbín an ceart síneadh a chur leis an tréimhse phromhaidh más gá nó deireadh a chur leis an bhfostaíocht i rith na tréimhse seo mura bhfuil an fostaí feiliúnach don phost. Is féidir síneadh a chur le tréimhsí promhaidh le déanamh suas do neamhláithreacht fhada i rith na tréimhse promhaidh.
- Ní dheimhneofar fostaíocht d'aon fhostaí go dtí go mbeidh tuairisc shásúil i scríbhinn ón duine i gceanas ar a bhfeidhmíocht ag deireadh na tréimhse promhaidh. Cuirfear an fostaí ar an eolas i scríbhinn maidir leis an toradh ag deireadh na tréimhse promhaidh.
- Caithfidh gach ball foirne an tréimhse phromhaidh atá leagtha amach ina gconradh a chomhlíonadh.

Tá sé de cheart ag gach iarrthóir eolas a fháil maidir lena bpróiseas earcaíochta agus is féidir é sin a dhéanamh i scríbhinn. Coinneofar gach eolas de réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

Coinneáil Taifead

- Osclófar agus coinneofar comhad taifid pearsanta do gach fostaí (an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997). Beidh teacht ag na fostaithe ar a gcomhaid phearsanta féin.
- Coinneofar comhaid phearsanta i bhfillteán faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

- Coinneoid*:* Teistiméireachtaí, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus grinnfhiosrúchán lasmuigh den dlínse ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis don duine críochnú ag obair sa tseirbhís. Baineann sé seo le fostaithe reatha agus fostaithe nach bhfuil ag obair sa tseirbhís níos mó. Coinneofar gach taifead eile ar iarfhostaithe ar feadh trí bliana ar a laghad. Laghdófar comhaid tar éis trí bliana agus ní choinneofar ach eolas atá riachtanach de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).
- Coinneofar páipéarachas ar iarrthóirí nár éirigh leo ag an agallamh de réir riachtanais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).
- Déanfar diúscairt shábháilte ar gach eolas pearsanta rúnda trí é a stialladh tar éis na dtréimhsí coinneála riachtanach.

Bainistiú agus Stiúradh Foirne

RÁITEAS I dTAOBH BEARTAS BAINISTÍOCHTA FOIRNE

Seo a leanas iad na prionsabail a leantar san eagraíocht, d'fhonn an fhoireann (idir íoctha agus deonach) agus leanaí/daoine óga a chosaint.

Dualgais a bhaineann le baill nua foirne:

- Páirt a thógáil i seisiún induchtaithe oiliúna a bheidh riachtanach;
- Bheith ar an eolas faoi chód iompair na heagraíochta, nósanna imeachta i dtaobh chosaint leanaí, agus faoi ainm agus ról an té atá ceaptha chun déileáil le ceisteanna i gcásanna ar leith;
- Tréimhse thrialach nó phromhaidh a chur isteach.

Maidir leis an bhfoireann:

- Déanfar feitheoireacht chuí orthu féin agus athbhreithniú oiriúnach ar a gcuid cleachtas oibre;
- Beidh orthu an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a bheith léite agus sínithe acu;
- Cuirfear oiliúint maidir le cosaint leanaí ar fáil dóibh.

7. Grinnfhiosrúchán

Beidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ag gach fostaí, agus oibrithe deonacha agus caithfidh sé sin a bheith acu sula dtosóidh siad ag obair. Beidh fianaise don ghrinnfhiosrúchán ar an láthair, m.sh. (cóip den bhunteastas ar chomhad an fhostaí). Déanfaidh Fíbín iarratas ar ghrinnfhiosrúchán chomh luath is atá post tairgthe.
Caithfidh an fostaí, oibrí deonach tuairisc Garda lasmuigh den dlínse a fháil má bhí cónaí air/uirthi in aon limistéar/tír eile ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí má bhí siad 18 nó os a chionn ag an am. Beidh gá grinn fhiosrúcháin, a dhéanamh ar gach duine gach tríú bliain.

Ag déileáil le nochtuithe

Déanfar measúnú riosca ar aon duine a nochtar coir ina leith maidir leis an mbaol atá ann don ról atá i gceist. I gcásanna áirithe, beidh an gaol idir an choir agus an ról a bhfuil siad ag cur isteach air sách soiléir le cinneadh a dhéanamh an bhfuil an duine feiliúnach do phost.
Is iad na rudaí a chuirfear san áireamh ná:

- Cosaint Leanaí nó coireanna gaolmhara.
- Coireanna in aghaidh an duine, m.sh. ionsaí, ciapadh, comhéigean.
- Coireanna in aghaidh an stáit.
- Ar coireanna mealltacha a bhí iontu, cosúil le gadaíocht agus calaois, mar go bhféadfadh sé sin a bheith ina tháscaire iompraíochta.
- Sárú iontaoibhe, m.sh. calaois.
- Coireanna in aghaidh réadmhaoin, m.sh. coirloscadh, robáil armtha.
- Cúisithe nó ciontaithe maidir le drugaí (go háirithe á ndíol nó á soláthar).

Agus an measúnú seo á dhéanamh, cuirfear rudaí eile san áireamh maidir leis an gcás agus déanfar doiciméadú orthu sin chun tacú leis an moladh an bhfuil an duine feiliúnach don phost a bhfuil siad ag cur isteach air.
Is iad sin:

- An aois a bhí an t-iarrthóir ag an am.
- An t-achar ama ó tharla an choir.
- Cé chomh tromchúiseach agus a bhí an choir agus an bhfuil sé ábhartha do shábháilteacht leanaí.
- An coir ‘aonuaire’ a bhí ann nó cuid de shraith ciontaithe.
- An bhfuil athrú tagtha ar chúinsí an iarrthóra ó tharla na coireanna a chiallódh go bhfuil an seans ann nach dtarlódh siad arís.
- Stair oibre ó tharla an choir.
- An méid doilís nó a mhalairt a thaispeáin an t-iarrthóir agus an fonn atá orthu athrú.

- An pianbhreith a gearradh don choir.
- Ar thug an t-iarrthóir faoi aon chineál athshlánaithe maidir leis an gcoir a rinne siad, m.sh. láimhseáil feirge, clár cóireála drugaí.
- Ag cosaint an fhostaí ó chúinsí a d'fhéadfadh deacrachtaí a chothú dóibh, m.sh. líomhaintí ina leith, srl.

Caithfidh duine le heolas agus le hinniúlacht an measúnú riosca agus an cinneadh a dhéanamh maidir leis an té atá i gceist a fhostú nó gan a fhostú.

8. Cód Iompraíochta idir Oibrithe agus Leanaí/ Daoine Óga

Tugann seirbhísí Fíbín ar fad aitheantas agus meas do na cearta atá ag na daoine fásta agus ag na leanaí/daoine óga go léir atá inár seirbhís. Léirímid an meas atá againn ar chumas, indibhidiúlacht agus cúlra cultúrtha ár leanaí go léir trí gach leanbh/duine óg a sholáthar leis na deiseanna a theastóidh uathu chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí gníomhacha taobh istigh de mheon/cultúr ionchuimsitheach

- Tacú le féiniúlacht na leanaí/ daoine óga (go haonarach agus mar ghrúpa) agus leis an gcómhuintearas a bhraitheann siad.
- Ionbhá na leanaí/ daoine óga a chothú agus tacú leo a bheith compordach le héagsúlacht idir leanaí.
- Gach leanbh/ duine óg a spreagadh le smaoineamh ar éagsúlacht agus claontacht.
- Leanaí/ daoine óga a chumasú le seasamh suas dóibh féin agus do dhaoine eile i gcúinsí deacra.

Is féidir rangú a dhéanamh ar an gcód iompair faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Cur Chuige a dhíríonn ar leas an linbh;
- Dea-chleachtas; iompraíochta atá inghlactha idir an fhoireann agus na leanaí:
- Iompar míchuí;
  - Teagmháil fhisiciúil;
  - Sláinte agus Sábháilteacht.

CUR CHUIGE A DHÍRÍONN AR LEAS AN LINBH

Tá Fibín tiomnaithe do chód iompraíochta a chur i bhfeidhm atá oiriúnach agus cuí do na haoisghrúpaí a bhfuiltear ag déileáil leo.

Tá cultúr leanbh lárnach ag an tseirbhís agus cuirfear é seo i bhfeidhm trí:

- Éisteacht le céard atá le rá ag an leanbh/ duine óg i gcónaí; agus meas a léiriú orthu;
- Ómós agus meas a thaispeáint do gach leanbh/ duine óg mar dhaoine aonánacha; agus caitheamh go cothrom le gach leanbh agus duine óg;
- Meas a léiriú ar dhifríochtaí cumais, cultúir, reiligiúin, cine agus ionannais gnéasúil;
- Na leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i bpróisis déanta cinní a bhaineann leo,, ach sin a bheith feiliúnach;

- Tabharfar moladh d'iompraíocht dhearfach;
- Na leanaí a spreagadh chun iad féin a léiriú;
- Iompraíocht dearfach a chuir chun cinn:
- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na tuismitheoirí caomhnóirí /bpríomchúramóirí
- Sainchríocha iompair a phlé le leanaí agus le daoine óga agus lena bpríomchúramóirí, agus na pionóis a ghabhann lena sárú a phlé leo chomh maith;
- Brostú, Tacaíocht agus Moladh a chur ar fáil (beag beann ar chumas);
- Teanga chuí a úsaid (fisiciúil agus labhartha):
- Spraoi agus atmaisféar dearfach a chothú:
- Critic dhearfach a sholáthar de réir mar a theastaíonn;
- Meas a léiriú ar spás pearsanta an linbh agus an duine óig;
- Conradh' grúpa a aontú sula dtosaítear ar sheisiún;
- Tuairimí a lorg ón ngrúpa faoi dhul chun cinn an tionscnaimh, Meas ar thuairimí;
- Áiseanna agus ábhair atá oiriúnach d'aois na leanaí a úsáid;
- Dea-shampla a thabhairt;
- Tuiscint a léiriú do ghníomhaíochtaí eile an linbh/ duine óg nuair atá cleachtaí nó imeachtaí á socrú; e.g. cúrsaí scoile nó scrúduithe;
- Bheith airdeallach faoi theorainneacha cumais an linbh nó an duine óig, iad a bheith faoi chúram dochtúra mar shampla;
- Atmaisféar a chothú ina mbíonn iontaoibh ag daoine as a chéile;

DEA-CHLEACHTAS

• Gach leanbh/duine óg a chlárú (ainm, seoladh, fón, riachtanais speisialta, tinreamh, sonraí teagmhála i gcás práinne);

• An ráiteas Um Chumhdach Leanaí/ polasaithe agus nósanna imeachta a chur in iúil do phríomhchúramóirí/daoine óga, áisitheoirí agus cuairteoirí;

• Nósanna imeachta i gcás práinne a bheith ullamh agus an fhoireann a bheith ar an eolas faoi na nósanna sin;

• Gan leanaí agus daoine óga le riachtanais speisialta a fhágáil amuigh as imeahtaí agus a bheith tuisceanach leo;

• Pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh i gcónaí go fisiciúil agus ó thaobh intinne de;

• Aon ábhar imní a chur in iúl don DIA chun déileáil leo agus nósanna imeachta i gcomhair tuairiscí den saghas sin a leanúint;

• Polasaí frith-bhulaíochta na heagraíochtaí. Leanaí agus daoine óga a spreagadh chun aon bhulaíocht, ábhar imní nó buartha a chur in iúl, agus le tuiscint a bheith acu ar an mbeartas frithbhulaíochta. (Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar bheartais frith-bhulaíochta in 'Ár nDualgas chun Cúraim' Leathanach Eolais 2,An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2002);

• Códanna gléasta agus iompair a leanúint;

• Meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais oibre go rialta;

• Taifead agus tuairisc a dhéanamh ar aon tarlúintí nó timpistí;

• Eolas a thabhairt do phríomchúramóirí ar aon cheisteanna a bhaineann lena gclann;

• Feitheoireacht chuí a chinntiú bunaithe ar choibhnis chuí de réir aoise, cumais agus gníomhaíochtaí; cothromas inscne a chinntiú in imeachtaí cónaitheacha;
• Cumarsáid shoiléir a chinntiú idir an t-ealaíontóir agus an eagraíocht; Treoirlínte agus leathanach spreagtha d'ealaíontóirí;

• Aontú scríofa a bheith ann le haon eagraíocht sheachtrach a bhfuil an t-ealaíontóir ag obair leis;.

TEAGMHÁIL FHISCIÚIL

- Iarr cead ar leanbh nó ar duine óg maidir le lámh a leagan ar a gcolainn (seachas i gcás práinn nó contúirte);
- Seachain imirt gharbh nó teangmháil mhíchuí;
- Seiceáil go bhfuil gach duine ar a gcompord nuair atáthar ag déanamh gníomhaíochtaí a mbíónn teangmháil fhisiciúil i gceist leo;
- Bá chóir teagmhail fisiciúl a bheith oscailte ní faoi rún

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

- Ná fág leanaí gan duine i bhfeighil nó i gceannas orthu;
- Déan cinnte go láimhseáltar ábhair chontúirteacha go cúramach;
- Cuir timpeallacht shábháilte ar fáil;
- Bí eolach ar na nósanna imeachta i gcás timpiste agus lean dóibh i gcónaí.

Seo a leanas Na treoirlínte atá ag an tseirbhís maidir leis an gcineál iompraíochta atá inghlactha idir an fhoireann agus na leanaí:

Tá sé ríthábhacht go léireodh iompraíocht na foirne spiorad láidir leanbh-lárnach.

- Ní chuirfear pionós fisiciúil ar leanaí/ daoine óga Ná buail agus ná tabhair sciúirse fhisiciúil do leanaí/daoine óga riamh ná drochíde mhaslach béil a thabhairt dóibh, agus níl cead scéalta gáirsiúla grinn a insint i láthair leanaí;

- Seachain a bheith ag caitheamh an iomad ama i d'aonar le leanaí/daoine óga;

- Ná húsáid nó ná ceadaigh ráitis mhaslacha nó caint nó iompar graosta;

- Ná déan feoil is iasc de do chuid leanaí/daoine óga a bheith rómhór le haon duine, ná bí róghéar ar aon duine, ná bí ag magadh rómhór faoi aon duine, agus ná tarraing an iomarca airde ar dhuine amháin;

- Ná bain do dhuine ar bith ar bhealach mígheanasach agus ná ceadaigh a leithéid;

- Ná chaith am ar bhealach míchuí le leanaí/daoine óga; i.e. lasmuigh d'imeachtaí struchtúrtha de chuid na heagraíochta:

- Ní mór do na hoibrithe a bheith ar an airdeall maidir leis an mbaol a bhaineann le teagmháil spóirt nó gníomhaíochtaí eile dá sórt.

- Ní mór do na hoibrithe a bheith cúramach nach dtarlóidh fabhraíocht i gcás aon linbh/ duine óg, go n-éireofaí rócheanúil air/uirthi nó go mbeadh an iomarca ama á chaitheamh leis/léi.

- Spreagfar na leanaí/ daoine óga chun aon bhulaíocht a thuairisciú do dhuine de na hoibrithe.

- Tabhairfidh na hoibrithe san tseirbhís aitheantas a thabhairt do spás pearsanta, do shábháilteacht agus do phríobháideachas gach uile dhuine agus spreagfar na leanaí/ daoine óga chun é sin a dhéanamh freisin.

- Ní mholtar d'oibrithe síob a thabhairt i gcarranna do dhaoine óga aonaracha, go háirithe más turas fada atá i gceist. agus má dhéanann bí cinnte go gcuirtear na príomchúramóirí ar an eolas;

- Ná cuir ábhair imní i leataobh, i.e. ná déan dada;

- Ná lig d'fhadhb imeacht ó smacht;

- Seachain a bheith ag glacadh seisiún leat féin. Murar féidir sin a dhéanamh, glac do sheisiún i dtimpeallacht oscailte le heolas agus le lántoil na bpríomhchúramóirí;

- Bí cúramach faoi rudaí a deirtear agus faoin teanga a úsáidtear. Más dóigh leat gur chuir rud éigin a dúirt tú isteach ar dhuine éigin, déan iarracht leithscéal a ghabháil go cúramach tuisceanach.

Tá dualgas ar gach duine claoi leis an gcód iompraíocht agus má thugann siad faoi deara nach bhfuil duine sa tseirbhís ag claoi leis an gcód ní mór dóibh sin a chuir i iúl do Darach Ó Tuairisg. Leanfár cód smachtaithe más bhíonn gá.

9. Polasaí Bulaíochta

Tá Fíbín tiomanta go áit shábháilte agus cairdiúil do na Leanaí/ Daoine óga an tseirbhís. Beimid ag súil go gcaithfear go measúil agus go cineálta i gcónaí le gach leanbh/ duine óg agus ball foirne.

Níl aon ghlacadh le bulaíocht, agus tá céimeanna sonracha a leanaimid nuair a tharlaíonn bulaíocht;

- Spreagtar na leanaí/ daoine óga chun cásanna d'iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú agus a phlé i dtimpeallacht nach bhfuil bagarth;

Is féidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochta a bheith i gceist i mbulaíocht;

- Gníomhaíochtaí briathartha
- Gothaí nó comharthaí
- Gníomhaíochtaí fisiciúla
- Earraí daoine eile a thógáil nó a bhriseadh
- Daoine a fhágáil amach as cluichí nó aon chineál eisiaimh eile
- Cibearbhulaíocht Ní liosta iomlán é seo agus tá nithe eile a d'fhéadfadh tarlú a mbreathnaítear orthu mar bhulaíocht. (Breathnaigh ar Aguisín 2).
- Ní mór gach cás bulaíochta a fheictear a thuairisciú chuig Darach ó Tuairisig a luaithe agus is féidir.

- Déanfaidh sé fiosrú faoi aon líomhaintí bulaíochta. Chuige sin, d'fhéadfaí labhairt leis na leanaí/ daoine óga a bhí páirteach ann, eolas faoi na daoine a bhí páirteach ann a bhailiú agus a thaifead agus, i gcás cibearbhulaíochta, aon phostais ar líne a thaifead.
- Déileáiltear go tuisceanach le gach fiosrú bulaíochta.
- Cuirtear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi aon fhiosrú bulaíochta.
- Ní mór na tuismitheoirí/caomhnóirí agus gach duine comhoibriú le haon fhiosrúchán agus cuidiú leis an tseirbhís chun aon chásanna a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe atá i gceist a thabhairt ar ais chomh maith agus is féidir, a luaithe agus is féidir.
- Nuair a bheifear ag anailísiú cásanna d'iompraíocht bhulaíochta, ní mór don duine atá i gceannas freagraí ar cheisteanna a lorg i dtaca le cén rud, cén áit, cén uair, cén duine agus cén fáth. Ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach stuama, ag tabhairt sampla faoin mbealach le déileáil go héifeachtach le coimhlint ar bhealach nach bhfuil ionsaitheach;
- I gcás ina gcinneann an duine atá i gceannas go raibh duine páirteach in iompraíocht bhulaíochta, ní mór a dhéanamh soiléir don té sin cén chaoi a bhfuil sé/sí ag sárú pholasaí frithbhulaíochta na seirbhíse agus ba chóir iarrachtaí a dhéanamh an cás ó thaobh an té a bhfuiltear ag déanamh bulaíochta air/uirthi a chur ar shúile an té a bhfuil an bhulaíocht curtha ina leith.

I gcásanna ina gcinneann an duine atá i gceannas go bhfuil iompraíocht bhulaíochta tar éis tarlú, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir(í)/ caomhnóir(í) na bpáirtithe atá i gceist chun an scéal a chur in iúl dóibh agus na gníomhaíochtaí atáthar a dhéanamh a mhíniú dóibh (trí thagairt don pholasaí)

Tar éis cás bulaíochta a aithint, cuirfidh an tSeirbhís i bhfeidhm idirghabháil a bheidh socraithe de réir nádúr na bulaíochta agus ag na leanaí/ daoine óga lena mbaineann. D'fhéadfadh na nithe seo a bheith san idirghabháil:

- Idirbheartaíocht a dhéanamh faoi chomhaontuithe idir na leanaí/ daoine óga;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh sa tseirbhís;
- Idirghabháil Meantóireacht ar chairde/phiaraí;
- Oibriú leis na tuismitheoirí agus na caomhnóirí;

Iarchúram agus taifeadadh

Chun a chinntiú gur déileáladh nó nár déileáladh mar is ceart le cás bulaíochta, caithfidh an duine atá i gceannas na fachtóirí seo a leanas a chur san áireamh mar chuid dá b(h)reithiúnas gairmiúil:

- An bhfuil aon chúinsí idir na páirtithe réitithe chomh fada agus is féidir;
- An bhfuil an caidreamh idir na páirtithe ar ais arís chomh mór agus is féidir;
- An bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta;
- Aon aiseolas a fuarthas óna páirtithe a bhí gafa sa scéal, óna dtuismitheoir(í)/gcaomhnóir(í).

Tá bac air gach duine oibrí/ oibrí deonach:

- Béicíl nó ag ardú do ghlór ar bhealach míchuí
- Pionós corpartha nó fisiciúil.
- Aon chleachtais atá dímheasúil, táireach, imeaglaitheach, díobhálach go mothúchánach nó go fisiciúil, nó atá faillitheach
- Úsáid a bhaint as as sealanna i leataobh
- Leanaí/ daoine óga a chur amach as an seomra/ grúpa
- Dímheas nó beag a dhéanamh de leanaí
- Teicnící a úsáid a dhíríonn ar leanaí nó a náiríonn é/í. .
- Ní bhainfear úsáid as srianadh fisiciúil, coinneáil mar shampla, mura mbeidh gá leis chun cosc a chur le gortú ar leanaí/ daoine óga eile nó leanaí/ daoine óda eile, ball foirne nó maoin. I gcásanna a mbainfear úsáid as, déanfar an eachtra a thaifead agus cuirfear an tuismitheoir/cúramóir ar an eolas an lá céanna.
- Bulaíocht ar aon bhealach

Má bhítear san amhras faoi dhrochúsáid leanaí, déan tagairt do **Pholasaí Um Chosaint Leanaí**

10.Polasaí um Thimpistí agus Eachtraí

Glacaimid leis go dtarlóidh timpistí ó am go ham. Tá nós imeachta sonraithe againn chun timpistí agus eachtraí a bhainistiú.
Lena chois sin, leanaimid treoirlínte dochta chun cuidiú le cosc a chur le timpistí.
Tá sláinte agus sábháilteacht na leanaí/ daoine óga, teaghlaigh, baill foirne agus cuairteoirí a bhaineann úsáid as ár seirbhísí, fíorthábhachtach dúinn. Tá dualgas cúraim do shláinte agus sábháilteacht na leanaí/daoine óga, teaghlaigh, baill foirne agus cuairteoirí a bhaineann úsáid as ár seirbhísí chun cosc a chuir ar thimpistí agus eachtraí agus iad a bhainistiú leis na nósanna imeachta atá sonraithe.

- Beidh ar eagraíochtaí seachtracha a mbíonn baint againn leo cruthú a sholáthar go bhfuil árachas dliteanais poiblí acu;

Timpistí, agus gortuithe a chosc

Tá an riosca go dtarlóidh timpiste bainteach go díreach leis an timpeallacht fhisiciúil agus an bealach a ndéantar bainistiú uirthi. Baineann an leibhéal riosca go díreach freisin le leibhéal na maoirseachta ar na leanaí / daoine óga, go háirithe le linn gníomhachtaí, agus leis na bealaí a dtugtar tacaíocht do na leanaí/ daoine óga chun déileáil le haon choimhlint ionchasach lena bpiaraí.
Déantar athbhreithniú agus measúnú ar an timpeallacht go rialta agus go minic chun a chinntiú nach bhfuil aon ghuaiseanna ann do leanaí/ daoine óga.

Cinntítear sábháilteacht agus cuirtear cosc ar ghortuithe trí:

- Leagtar síos teorainneacha soiléire d'iompraíocht na leanaí. Bíonn na leanaí páirteach i socrú na dteorainneacha sin, mar sin tuigeann siad an cuspóir atá leo. Cuirtear na tuismitheoirí ar an eolas faoi na teorainneacha.
- Leanaí / daoine óga mhaoirsiú mar is cuí.
- Mínítear do leanbh/ duine óg a bhfuil iompraíocht ionsaitheach á léiriú aige/aici cé mar atá a ngníomhaíochtaí ionsaitheacha ag cur isteach ar an grúpa.

Freagrachtaí:

Tá an duine i gceannas freagrach as a nithe seo a chinntiú:

- Go mbeidh a fhios ag gach ball foirne céard go díreach atá le déanamh i gcás timpiste, teagmhais nó gortaithe;
- Go mbeidh na baill foirne go léir ar an eolas faoin gcúram atá orthu cuidiú chun cosc a chur le timpistí agus teagmhais;
- Go ndéanfar measúnuithe riosca agus go gcuirfear ráiteas sábháilteachta ar fáil;
- Go bhfuil fáil ar na nósanna imeachta scríofa, agus go gcaithfidh gach ball foirne a chur ar an eolas faoin dualgas atá orthu leanacht den nós imeachta imlínithe i gcás timpiste/teagmhais;
- Tá sé de dhualgas ar an duine i gceannas a chinntiú go léifidh agus go dtuigfidh gach ball foirne na nósanna imeachta scríofa atá aontaithe;
- Clár suas chun dáta a choimeád ina bhfuil sonraí teagmhála gach linbh/duine óg atá rannpháirteach san eagraíocht
- A chinntiú go bhfuil uimhreacha teagmhála do sheirbhísí éigeandála ar taispeáint go soiléir in áit a bhfuil fáil orthu go héasca gar do theileafón a bhfuil fáil air go héasca.
- Beidh crostagairt ann de shonraí teagmhála na leanaí/ ndaoine óga idir an leabhar eachtraí agus an comhad;
- A chinntiú go bhfuil sonraí teagmhála don dochtúir áitiúil ar fáil láithreach.

- A chinntiú go bhfuil cúrsa aitheanta Garchabhrach do leanaí déanta ag ball foirne amháin ar a laghad atá ar dualgas.
- Beidh an fhoireann ar an eolas faoi láithreacha na mboscaí garchabhrach;
- Bosca Garchabhrach atá stocáilte i gceart a chur ar fáil i ngach rannóg den tseirbhís. Ní mór liosta d'ábhair riachtanacha a bheith ag dul leis an mbosca Garchabhrach
- Beidh an fhoireann ar an eolas faoi láthair na leabhar eachtraí agus timpistí;.
- Ball foirne a ainmniú chun an bosca Garchabhrach a athstocáil tar éis gach úsáide agus seiceáil mhíosúil a dhéanamh air chun a chinntiú go meaitseálann na hábhair ag teacht le Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta na heagraíochta.
- Ní mór rabhadh oiriúnach a thabhairt do dhaoine óga faoin mbaol a bhaineann le hábhar contúirteach;
- Beidh chórais gharchabhrach Ullmhaigh córas garchabhrach do thurais amach ó shuíomh baile na heagraíochta.

D'fhéadfadh gortuithe eile a bheith tromchúiseach agus gá a bheith le cóir leighis níos mó ná Garchabhair

I gcás timpiste níos tromchúisí, ní cheart an leanbh/ duine óg a bhogadh agus ba cheart iad a choinneal te.Féach eolas thíos maidir le Timpistí/gortuithe tromchúiseacha

Nós Imeachta i gcás timpiste nó eachtra:

Is minic a ghortaítear leanaí de sheans i rith ghnáthimeachtaí an lae. Mionghortuithe a bhíonn ina lán acu sin, ar nós scríobadh agus ballbhrú, agus dáilfear Garchabhair..

- Déanfar measúnú ar aon ghortuithe a bheidh i gceist agus mas gá cuirfidh ball foirne atá cáilithe sa Gharchabhair cóir leighis ar fáil.
- Má bhíonn gá le hidirghabháil leighis ón taobh amuigh, rachaidh an té atá i gceannas i dteagmháil leis an dochtúir áitiúil agus/nó glaofar ar an otharcharr.
- Cuirfidh an té atá i gceannas ainm an linbh/ duine óg ar fáil do na seirbhísí éigeandála mar aon le huimhreacha teagmhála agus eolas faoi aon ailléirgí/taifid leighis atá ar eolas.
- Rachaidh an té atá i gceannas i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh/duine óg.
- Más féidir, rachaidh beirt bhall foirne in éineacht leis an leanbh/ duine óg go dtí an Dochtúir Teaghlaigh nó go dtí an seomra éigeandála mura mbeidh fáil ar na tuismitheoir/ caomhnóirí, agus fanfaidh an bheirt leis an leanbh nó go dtiocfaidh an tuismitheoir/caomhnóir i láthair.
- Caithfear comhad an linbh a thabhairt go dtí an Dochtúir Teaghlaigh/seomra éigeandála le haghaidh tagartha.
- Cuirfidh na baill foirne a bheidh fanta na leanaí / daoine óga eile ar a suaimhneas agus más gá míneofar an timpiste do thuismitheoirí/ caomhnóirí eile.
- Déanfaidh na baill foirne a chonaic an timpiste an fhoirm thuairisce ar thimpiste a líonadh isteach. Déanfaidh an té atá i gceannas agus tuismitheoir/caomhnóir an linbh an fhoirm sin a léamh agus a shíniú..
- Míneofar an eachtra do thuismitheoirí/ caomhnóirí na leanaí ar fad a bhí gafa sa scéal agus caithfidh gach duine acu an foirm thuairisce ar eachtra a shíniú agus coinneofar ar chomhad an linbh í.
- Beidh fáil éasca ag gach ball foirne ábhartha ar na taifid i gcás éigeandála.
- Ní mór Darach ó Tuairisg a chur ar an eolas faoin eachtra a luaithe agus is féidir.

Déileálfar le mionghortuithe ar an láthair déanfar taifead ar an Leabhar Timpistí agus cuirfear na tuismitheoirí/ caomhnóirí ar an eolas faoin ngortú agus faoi na bearta a rinneadh nuair a bheifear ag bailiú an linbh/ duine óg

- Freisin, caithfidh an duine i gceannas síniú a chur leis an taifead ag an am ar tharla an timpiste agus síneoidh tuismitheoirí/caomhnoirí an linbh/duine óg é nuair a chuirfear ar an eolas iad faoin timpiste.
- Caithfear gach timpiste ina mbeidh gá le hidirghabháil leighis a thuairisciú don chuideachta árachais.
- Déantar athbhreithniú ar thimpistí agus ar theagmhais chun athrú a chur ar pholasaí, cleachtas nó nós imeachta (más gá).

Gortuithe tromchúiseacha

Glao ar 112/999 nó glao a chur chuig uimhir éigeandála áitiúil má bhíonn baol báis i gceist leis an ngortú nó má bhíonn baol ann go mbeidh gortú buan ar an leanbh/ Duine óg/duine fásta, mar shampla

- Drochghortú muiníl nó cloiginn;
- Má tá aon cheann acu seo a leanas i gceist tar éis gortú cloiginn: laghdú ar an airdeall, suaitheadh intinne, tinneas cinn, urlacan, cantal nó deacracht siúil;
- Má bhíonn gearradh nó dó i gceist atá mór, doimhin, ar an gcloigeann, ar an gcliabhrach nó ar an abdóman agus/nó nach bhfuil sé ag stopadh ag cur fola;
- Má tá dath saghas gorm, corcra nó liath ar a gcraiceann nó ar a liopaí;
- Má tá a muineál an-righin, tinneas cinn orthu agus fiabhras;
- Tá sé deacair acu anáil a tharraingt nó níl siad in ann labhairt;
- Tachtadh;
- Suaitheadh;
- Ceimiceáin sna súile, ar an gcraiceann, nó tógtha ó bhéal;
- Baol báite;
- Tá siad á n-iompar féin go hait, níl siad chomh haireach, nó tá siad i bhfad níos cúlánta ná mar is gnách;
- Tá freangaí sna lámha agus sna cosa agus tá siad gan aithne gan urlabhra (taom).
- Tá siad neamh-chomhfhiosach;
- Tá siad ag cailleadh na freagrúlachta de réir a chéile;
- Má bhíonn pian atá ag dul i méid nó atá an-dona in aon áit den chorp;
- Má tá amhras ann go bhfuil ball éigin briste;
- Urlacan dona nó leanúnach;
- Cur aníos fola;
- Má tá fuil sa tuar;
- Tá siad díhiodráitithe go suntasach: na súile tite siar ina gcloigeann, gan aon fhuinneamh, gan aon deora ag teacht, gan a bheith in ann fual a dhéanamh.

Déileáil le hEachtraí Idirdhealaitheacha:

- Is é an chéad chéim i láimhsiú eachtra ina bhfuil idirdhealú i gceist ná an rud atá ag tarlú a aithint agus a admháil.
- Cuirfear na leanaí/ daoine óga go léir ar an eolas nach mbeidh aon ghlacadh le bheith ag glaoch ainmneacha ar dhuine nó a bheith á ngortú go fisiciúil.
- Déanfaidh an fhoireann gach dícheall a dhéanamh amach cén chúis a bhíonn le heachtraí ina mbíonn eisiamh nó coimhlint i gceist iontu. B'fhéidir nach eachtra idirdhealaitheach a bheadh i gceist, mar sin ní mór don fhoireann a bheith cúramach gan dul i mbun tuairimíochta.
- Is féidir le leanbh/duine óg roinnt fadhbanna a thabhairt isteach sa tseirbhís, de bharr tagairtí a bheadh déanta ag daoine fásta taobh amuigh den tseirbhís. Aithneoidh an fhoireann nuair a bheidh fadhb le duine fásta i gceist, agus aithneofar gníomhaíochtaí

cuí chun déileáil leis an bhfadhb i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh/ duine óg má theastaíonn.

- Ní mór eachtra a mheas ó dhearcadh na ndaoine aonair ar fad atá páirteach ann chomh maith leis na daoine a bhí i láthair nuair a tharla sé. Ní mór gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh, i ngrúpdhíospóireachtaí, chun déileáil le heachtraí a bheidh feicthe ag leanaí/daoine óga nach raibh páirteach iontu.
- Trí tuiscint a thaispeáint agus ár mothúcháin a léiriú, is féidir linn cabhrú le leanaí/ daoine óga chun a mothúcháin féin a léiriú.
- Tá sé tábhachtach go dtuigfí an bealach ar féidir lenár ndearcthaí féin múnlú a dhéanamh ar an mbealach a ndéileálaimid le cás ar leith. Tuigfidh gach ball foirne go mbíonn siad ina dhea-shampla do na leanaí/daoine óga. Déanfaidh na leanaí/daoine óga rudaí mar a dhéanaimidne

Measúnú Riosca agus Ráiteas Sábháilteachta

Faoi réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tá ról ag gach ball foirne sa bhealach a ndéileáiltear le riosca. Tá an fhoireann bhainistíochta freagrach as a chinntiú go bhfuil polasaí ceart bainistíochta riosca áití bhfearas.
Déantar measúnuithe riosca go rialta chun aon ghuaiseanna atá i láthair a aithint,
Déantar measúnú ar na rioscaí a eascróidh as guaiseanna dá leithéid agus na céimeanna is gá chun déileáil le haon rioscaí a aithint.
Caithfidh an polasaí bainistíochta riosca a bheith in oiriúint do mhéid agus do riachtanais do sheirbhíse agus monatóireacht á dhéanamh air ar bhonn leanúnach. Tá gach ball foirne agus oibrí deonach freagrach as comhlíonadh na straitéise.
Sa ráiteas, bíonn sonraí na mball foirne atá freagrach as cúinsí sábháilteachta. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú rialta ar an ráiteas sábháilteachta.
Ullmhaítear ráiteas sábháilteachta bunaithe ar an measúnú riosca.

1. Rioscaí a aithint
2. An riosca a mheas
3. Réiteach a shocrú
4. Na cinntí a thaifead
5. Athbhreithniú agus a choinneal suas chun dáta
6. Coimeád cuntas ar threallamh contúirteach agus glac céimeanna chun an baol a lagdhú oiread agus is féidir.

11. Polasaí Gearáin

Fáiltíonn Fibín roimh aon thuairimí, ráitis nó gearáin a dhéanann na Leanaí/ daoine óga nó a dtuismitheoirí/caomhnóirí maidir lenár seirbhís. Tuigeann muid go mbíonn cúis imní nó

aiseolais ag teaghlaigh faoin tseirbhís ó am go chéile agus tabharfaidh muid aird agus freagra tráthúil macánta ar gach moladh, tuairim nó gearán a fhaigheann an tseirbhís.

Nósanna Imeachta do ghearáin agus do ráitis

- Ba chóir gach gearán a chur in iúl do **Dharach Ó Tuairisg** ag am a bheas feiliúnach do na páirtithe atá i gceist.
- Tá **Darach Ó Tuairisg** freagrach as gearáin/ráitis a dhíriú i dtreo an duine oiriúnach;.
- Ní mór an gearán a mhíniú, ag tabhairt gach uile eolas/sonraí maidir leis an ngearán atá i gceist.
- Déileálfar le gearáin ar bhealach comhsheasmhach agus rúnda chun a chinntiú go láimhseáiltear iad gan faitíos, fabhar nó claontacht.
- Déanfar gearáin a fhiosrú, a thógáil go dáiríre agus a láimhseáil go cuí agus go tuisceanach
- Coimeádfar taifead ar ghearáin ó bhéal agus tabharfar freagra orthu.
- Déanfar gach uile iarracht an ghearrán a réiteach chomh discréideach agus chomh hionraic agus is féidir.
- Freagrófar gearáin nó ráitis laistigh de dhá seachtaine.
- Mura bhfuil réiteach ar an gcás taobh istigh den tréimhse sin, ní mór don ghearánaí gearán oifigiúil a chur i scríbhinn, cóip a thabhairt don duine atá i gceannas.
- Mura bhfuil réiteach ar an gcás taobh istigh de dhá sheachtain, beidh cruinniú idir an gearánaí, an duine atá i gceannas agus agus Bainisteoir Fibín. Déanfar an cás a phlé go mion arís ag an gcruinniú sin agus déanfar iarracht teacht ar réiteach sásúil agus réasúnach. Tógfar tuairisc i scríbhinn ar an gcruinniú.

Taifead ar Ghearáin agus Rúndacht

- Caithfear taifid ar ghearáin a choinneáil ar Chomhad Taifead Gearáin.
- Ní roinnfear aon eolas maidir le gearáin ach amháin ar bhonn riachtanais.
- Má bhaineann an gearán le sárú cearta daonna (leanbh/ duine óg nó duine fásta) agus/nó gníomh nó iompraíocht choiriúil caithfear na húdaráis chuí a chur ar an eolas.
- Caithfear taifead ar an ngearán a choinneáil ar feadh dhá bhliain ar a laghad ón dáta ar déileáladh leis an ngearán. *[D'fhéadfadh an tréimhse sin athrú ar brath ar riachtanais dhlíthiúla eile.*
- Ní bheidh teacht ar an gComhad Taifead Gearáin ach ag baill foirne atá údaraithe.

Gearán Cosaint Leanaí

Má bhaineann an gearán le saincheist i dtaca le Cosaint Leanaí, cuirfear na nósanna imeachta atá sa **Pholasaí Cosaint Leanaí i bhfeidhm láithreach**.

Déanfar atreorú cuí ar aon ghearáin nach bhfuil sé laistigh de chumas na seirbhíse iad a fhiosrú. Mar shampla:

- Má tá cúis mhaith ag aon duine atá páirteach sa ghearán a cheapadh go bhfuil cion coiriúil déanta, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána.

Má bhaineann an gearán le Sláinte agus Sábháilteacht d'fhéadfadh go mbeadh sé oiriúnach an tÚdarás um Shláinte agus Sábháilteacht a chur ar an eolas.

12.Polasaí Tuairimí agus gearáin do leanaí/ daoine óga

Tá fáilte romhat teacht agus labhairt linn ag aon am

Mar Leanbh/duine óg atá ag freastal ar an tseirbhís, an bhfuil aon rud nach bhfuil tú sásta leis?

- Má tá aon rud le rá agat nó aon ghearán faoin tseirbhís le déanamh agat, inis dúinn é chomh luath agus is féidir. Is féidir leat labhairt leis an duine atá i gceannas. Táimid anseo i gcónaí chun éisteacht leat.

- Más fearr leat é a scríobh síos is féidir leat litir a thabhairt don duine atá i gceannas nó ríomhphost a sheoladh chuig _____ nó téacs a chur chuig _____. Is féidir leat freisin iarraidh ar do thuismitheoirí/caomhnóir gearán a dhéanamh linn.

- Nuair a fhaigheann muid gearán uait, déanfaidh muid an gearán sin a fhiosrú sa chaoi céanna agus a d'fhiosródh muid gearán a thiocfadh isteach ó dhuine fásta. Glacann muid go dáiríre le gach gearán agus tabharfar cluas éisteachta do gach leanbh/duine óg a dhéanann gearán.

- Déanfaimid iarracht feabhsúcháin a dhéanamh bunaithe ar na gearáin agus déanfar gach iarracht freagra a fháil ar aon rud atá ina chúis gearáin agat.

- Tá sé mar aidhm againn déileáil le gach gearán taobh istigh de mhí. Coinneofar ar an eolas tú i gcónaí faoi do ghearán, inis dúinn cén bealach ar mhaith leat a bheith coinnithe ar an eolas.

- Má bhíonn aon cheisteanna againn nó má theastaíonn tuilleadh eolais uainn faoi do ghearán labhróidh muid leat ina thaobh.

- Nuair a bheidh an fiosrúchán faoin ngearán déanta againn cuirfidh muid ar an eolas tú maidir le céard a fuair muid amach agus na hathruithe, más ann dóibh, atáimid chun a dhéanamh sa tseirbhís mar gheall ar an ngearán.

- Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra ar do ghearán, cuir ar an eolas muid agus beidh deis agat achomharc a dhéanamh. Sa chás agus go ndéantar achomharc is daoine difriúla a bheidh ag déileáil leis seachas an duine a bhí ag déileáil leis ar dtús.

Daoine a bhfuil teacht acu ar an taifead gearáin: Darach Ó Tuairisg

Duine Freagrach: _____

Ghlac Fibín leis an bpolasaí seo ar an data 1/09/2022

Sínithe ag: _____Duine i gceannas

Dáta Athbhreithnithe: 1/09/202

13.Tuairisciú

Déanann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (na "hAchtanna um Chosaint Sonraí") agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("GDPR") cur síos ar an gcaoi go gcaithfidh eagraíochtaí, ár seirbhís san áireamh, eolas pearsanta a bhailiú, a láimhseáil agus a stóráil.
Cibé bealach a stóráiltear sonraí, go leictreonach, ar pháipéar nó ar ábhair eile caithfear na rialacha seo a chur i bhfeidhm.

Chun an dlí a chomhlíonadh caithfear eolas pearsanta a bhailiú agus a úsáid ar bhealach cothrom, a stóráil go sábháilte agus gan é a nochtadh go mídhleathach.
Tá sé de dhualgas ar gach ball foirne/ oibrí deonach cúram agus leas na leanaí/daoine óga a chinntiú. Tá sé de fhreagracht ar gach ball foirne/ oibrí deonacha /bainistíochta a chinntiú go bhfuil eolas acu ar pholasaithe agus nósanna imeacht.
Cuirfear baill foirne/ oibrí deonacha ar an eolas faoi sin i rith an ionduchtaithe.
I gcásanna go mbaineann an tuairisc le leas leanaí cuirfear an **Polasaí um Chosaint Leanaí i bhfeidhm,**

Seo é an próiseas a leanfar do thuairisciú:

- Ba chóir an tuairisc a dhéanamh chuig an duine atá i gceannas más féidir, chun an cheist a phlé agus teacht ar réiteach. Más faoin duine atá i gceannas atá an chúis imní, ba chóir teagmháil a dhéanamh le An chéad duine eile atá animnithe ar an docméid seo i.e Bainisteoir Leas Bainisteoir,chun comhairle a fháil agus an cás a leanúint suas.
- Ba chóir aon chúis imní a chur i scríbhinn, cé gur féidir glacadh leis ó bhéal, tuairisc scríofa le sonraí, ag leagan amach an chúlra, ag tabhairt ainmneacha, dátaí agus áiteanna, más féidir agus an chúis go bhfuil siad imníoch faoin gcás áirithe seo.
- Déanfaidh an duine atá i gceannas taifead ar an eolas.
- Más faoi bhall foirne atá an chúis imní, cuirfear an ball foirne sin ar an eolas.

Tá sé de dhualgas ar gach duine a oibríonn don nó leis an tSeirbhís a chinntiú go mbailítear, go stóráiltear agus go láimhseáiltear sonraí a bhealach cuí. Caithfidh gach duine a láimhseálann sonraí pearsanta a chinntiú go láimhseáiltear agus go bpróiseáiltear é de réir na prionsabail cosanta sonraí.

14. Ráiteas Rúndachta

Táimidne Fíbín Teoranta tiomanta ionas go gcinnteofar an ceart atá ag daoine ar rúndacht.
Coinneofar faoi rún aon eolas pearsanta atá ar taifead a bhaineann leis na leanaí/ daoine óg, leis an bhfoireann, leis na tuismitheoirí/caomhnóirí nó le duine/daoine a oibríonn go deonach leis an tSeirbhís.

Seo a leanas na nósanna imeachta a leanfar, maidir le cosaint agus leas leanaí:

- Osclófar comhad ar gach leanbh/ daoine óg sa tseirbhís le gach eolas a theastaíonn agus beidh na comhaid sin coinnithe faoi ghlas agus faoi rún.
- Is é an duine atá i gceannas a bheidh freagrach as na comhaid agus beidh fáil ag baill ainmnithe ar an eolas má bhíonn an duine atá i gceannas as láthair.
- Sa chás go mbeidh aon eolas agus taifeadadh maidir le cosaint leanaí ag an tseirbhís, bheadh sé sin coinnithe faoi ghlas in áit dó féin agus ní bheadh teacht air ach amháin dá mbeadh sé ag teastáil de réir an pholasaí a bhaineann le cosaint leanaí.
- Beidh an fhoireann oibre/ oibrí deonacha ar an eolas maidir le polasaí rúndachta na seirbhíse. Cuirfear gach ball nua foirne ar an eolas faoin bpolasaí rúndachta mar chuid dá gclár ionduchtaithe
- Glacfaidh foireann iomlán na seirbhíse - oibrithe deonacha - nach féidir eolas a bhaineann le leanaí/ daoine óga tuismitheoirí/caomhnóirí nó le foireann na seirbhíse a phlé in aon áit ach amháin ag cruinniú foirmiúil foirne.
- Ní thabharfar eolas faoi mí-úsáid leanaí, ach nuair is gá sin, d'fhonn an leanbh/duine óg choimeád sábháilte agus iad a chosaint ó dhíobháil;
- Nuair a chinnimid faisnéis den sórt sin a chur ar aghaidh chuig daoine eile d'fhonn an leanbh nó an duine óg a choimeád slán, ní hionann é agus sárú rúndachta;
- Ní féidir linn rúndacht iomlán a gheallúint nuair atá leas an linbh nó an duine óig i mbaol;
- Tá sé de cheart ag príomhchúramóirí, ag leanaí agus ag daoine óga fios a bheith acu má táthar ag roinnt faisnéis phearsanta agus/nó má tá tuairisc á cur faoi bhráid TUSLA, sin mura méadófaí an baol atá ann don leanbh/duine óg dá dheasca;
- Ní úsáidfear íomhánna den leanbh/duine óg ar aon chúis gan cead ón tuismitheoir/ cúramóir (**mar sin féin, ní féidir linn a chinntiú nach n-úsáidfear ceamaraí/ físthaifeadáin ag taibhléirithe poiblí**);
- Cuirfear nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le húsáid íomhánna de leanaí/daoine óga;
- Cuirfear nósanna imeachta i bhfeidhm freisin d'fhonn faisnéis a thaifeadadh agus a stóráil ar bhealach a chloíonn lenár mbeartas rúndachta.
- ***Faoi réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015*** aon eolas a roinneann Tusla leis an "dhaoine sainordaithe" ábhair imní faoi thuairisc chosaint leanaí a níl cead an teolas sin a roinnte leis an trí páirtí gan cead ó Thusla.

15. Polasaí Meán Shóisialta

Úsáidfear suíomh meán sóisialta na seirbhísí mar mhodh cumarsáide ginearálta agus ní mar mhodh cumarsáide pearsanta don fhoireann.

- Úsáidfear an suíomh meán sóisialta chun nuashonrú agus eolas ábhartha eile a roinnt le tuismitheoirí//caomhnóirí. nó córas teachtaireacht bulktext a úsáid le dul i dteagmháil leo.
- Is é an duine i gceannas na seirbhíse/grúpaí a bheidh i gceannas ar bulktext grúpa na dtuismitheoirí.

- Níl cead grianghraif, físeáin agus/nó eolas a chur suas faoi aon bhall foirne eile gan cead sonrach a bheith faighte ón duine sin.

- Níl cead aon eolas pearsanta nó rúnda a fuair aon bhall foirne agus iad ag obair a nochtadh.
- Ní bhaineann leanaí/ daoine óga úsáid as an idirlíon.
- Níl cead íomhánna ná ainmneacha leanaí/ daoine óga aonaracha nó grúpaí leanaí a chur ar an suíomh gan cead roimh ré ó na tuismitheoirí/caomhnóirí de bharr cosaint leanaí.
- Ní cheadaítear fortheidil d'ainmneacha leanaí/ daoine óga a úsáid

Íomhánna agus taifid a stóráil go daingean

- Ní mór cruachóipeanna d'íomhánna a choinneáil i gcomhadchaibinéad glasáilte agus íomhánna leictreonacha a bheith stóráilte i bhfillteán a bhfuil rochtain theoranta/cosaint phasfhocail air.
- Ní ceart íomhánna a stóráil ar threalamh iniompair nach bhfuil criptithe, ar nós ríomhairí glúine, méaróga cuimhne agus fóin phóca.
- Ní féidir trealamh pearsanta a úsáid chun grianghraif agus taifid de leanaí/daoine óga a choinneáil, agus ní ceart a úsáid ach ceamaraí agus fearais a bhaineann leis an tseirbhís.
- Caithfidh trealamh digiteach fanacht taobh istigh den tseirbhís an t-am ar fad agus an trealamh sin a stóráil go daingean nuair nach mbíonn sé in úsáid. Is féidir ceamaraí a úsáid ar thurais.

16. Ról na bPríomhchúramóirí

RÁITEAS I dTAOBH BEARTAIS FAOI RÓL NA bPRÍOMHCHÚRAMÓIRÍ

Is é an polasaí atá ag an tseirbhís maidir le rannpháirtíocht na bPríomhchúram:
Táimid tiomanta do bheith oscailte le gach príomchúramóir.
Chuige sin leanaimid na prionsabail seo a leanas:

- Go dtabharfar léargas dóibh ar pholasaithe an tseirbhís agus go háirithe an Polasaí um Chosaint Leanaí atá i bhfeidhm;

- Go nglacfar le haon mholtaí nó tuairimí atá acu maidir leis an tseirbhís agus go ndéanfar gach iarracht aon rud a chuirfeadh leis an tseirbhís a chur i bhfeidhm.
- Cuirfear príomhchúramóirí agus scoileanna ar an eolas faoi gach imeacht agus faoi imeachtaí atá á mbeartú;
- Eiseofar foirmeacha teagmhála/ceada nuair is gá sin;
- Cloífear le cleachtas sláinte agus sábháilteachta;
- Cuirfear beartais atá dírithe ar an leanbh de réir na gcleachtas is fearr;
- Cloífear lenár dTreoirlínte earcaíochta;
- Cinnteofar oiread agus is féidir go n-oireann gníomhaíochtaí don aois atá na leanaí/daoine óga;
- Brostófar agus éascófar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí, na gcúramóirí nó na n-aosach freagrach de réir mar a oireann.

Má bhími
d imníoch nó buartha faoi leas an linbh/duine óig, cuirfimid I bhfeidhm na cleachtais seo a leanas:

- Tiocfaimid i gcabhair ar an leanbh nó ar an duine óg;
- Coimeádfaimid na príomchúramóirí ar an eolas ar bhonn leanúnach, sin mura gcuirfeadh a leithéid an leanbh/duine óg i mbaol níos mó.
- San chás go mbíonn ábhar imní againn maidir le cosaint agus leas leanaí, tá sé de dhualgas orainn iad sin a chur ar aghaidh chuig an Oibrí Sóisialta ar Dualgas agus chuig na Gardaí i gcás práinne;
- I gcás gearáin in aghaidh ball foirne, cinnteoimid láithreach sábháilteacht an linbh/duine óig agus cuirfimid na príomhchúramóirí ar an eolas de réir mar is cuí.

Mar eagraíocht atá dírithe ar leas an linbh/daoine óga, táimid tiomanta do thús áite a thabhairt do riachtanais an linbh/ daoine óga.
Chuige sin, cuirfimid na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:

- Féach **Polasaí Chosaint Leanaí** maidir le ábhar imní ann faoi chosaint linbh;
- Molfaimid do phríomchúramóirí oibriú i bpáirt linn ag leanúint na dTreoirlínte atá leagtha amach ag an eagraíocht s'againne d'fhonn sábháilteachta a gclainne a chinntiú;
- Beidh duine faoi leith ceaptha ar féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi, chun cásanna a phlé le príomhchúramóirí sa chás go mbeadh ábhar buartha nó imní ann faoi leas linbh nó duine óig.

Athbhreithneofar an beartas seo ar 1 Meán Fómhair 2024

Sínithe ag Darach Ó Tuairisg

Dáta: **1/09/22**

AGUISÍN 1: SCEIDEAL NA NDAOINE FAOI SAINORDAITHE FAOIN ACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ, 2015

Sonraítear i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 na haicmí seo a leanas de dhaoine mar Dhaoine faoi Shainordú ar mhaithe le cuspóirí an Achta:

1. Registered medical practitioner within the meaning of section2 of the Medical Practitioners Act 2007.

2. Registered nurse or registered midwife within the meaning of section 2(1) of the Nurses and Midwives Act 2011.

3. Physiotherapist registered in the register of members of that profession.

4. Speech and language therapist registered in the register of members of that profession.

5. Occupational therapist registered in the register of members of that profession.

6. Registered dentist within the meaning of section 2 of the Dentists Act 1985.

7. Psychologist who practises as such and who is eligible for registration in the register (if any) of members of that profession.

8. Social care worker who practises as such and who is eligible for registration in accordance with Part 4 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 in the register of that profession.

9. Social worker who practises as such and who is eligible for registration in accordance with Part 4 of the Health and Social Care Professionals Act 2005 in the register (if any) of that profession.

10. Emergency medical technician, paramedic and advanced paramedic registered with the Pre-Hospital Emergency Care Council under the Pre-

Hospital Emergency Care Council (Establishment) Order 2000 (S.I. No. 109 of 2000).

11. Probation officer within the meaning of section 1 of the Criminal Justice (Community Service) Act 1983.

12. Teacher registered with the Teaching Council.

13. Member of An Garda Síochána.

14. Guardian ad litem appointed in accordance with section 26 of the Child Care Act 1991.

15. Person employed in any of the following capacities:

(a) manager of domestic violence shelter; (b) manager of homeless provision or emergency accommodation facility; (c) manager of asylum seeker accommodation (direct provision) centre; (d) addiction counsellor employed by a body funded, wholly or partly, out of moneys provided by the Oireachtas; (e) psychotherapist or a person providing counselling who is registered with one of the voluntary professional bodies; (f) manager of a language school or other recreational school where children reside away from home;

Cad iad na seirbhísí ábhartha faoin Acht?
Is iad na heagrais ag a mbíonn freagrachtaí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ná cinn úd a sholáthraíonn seirbhís ábhartha do leanaí agus do dhaoine óga.
Áirítear leis na cineálacha eagras agus seirbhísí dá bhfeidhmíonn an reachtaíocht na cinn seo a leanas:
Seirbhísí luathbhlianta Scoileanna agus ionaid oideachais Ospidéil, ospísí agus lárionaid sláinte, agus ionaid eile a sholáthraíonn seirbhísí sláinte choirp agus meabhairshláinte do leanaí Suíomhanna cúraim chónaithigh, lena n-áirítear ionaid chónaitheacha a sholáthraíonn cúram do leanaí le míchumais Aonaid chúraim speisialta Scoileanna coinneála leanaí Ionaid fáilte nó cóiríochta ar féidir leanaí ag iarraidh tearmainn cónaí iontu Ionaid dídine ón bhforéigean teaghlaigh ar féidir leanaí cónaí iontu Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann cigireacht ar sheirbhísí a sholáthraítear do leanbh Aon chigireacht, iniúchadh nó imscrúdú a dhéanann an tOmbudsman do Leanaí Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann cóireáil, teiripe nó comhairleoireacht a sholáthar do leanbh Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann soláthar: » Gníomhaíochtaí oideachasúla, taighde, oiliúna, cultúrtha, siamsaíochta, fóillíochta, sóisialta nó colanda do leanaí » Cúram nó maoirseacht leanaí » Comhairliúchán foirmiúil le, nó rannpháirteachas foirmiúil le leanbh i gcúrsaí a théann i bhfeidhm ar a mbeatha Aon obair nó gníomhaíocht lena mbaineann seirbhísí comhairle nó treorach a sholáthar do leanbh Aon obair nó gníomhaíocht mar mhinistir, sagart nó duine éigin eile a bhíonn bainteach le cur chun cinn creidimh reiligiúnaigh ar bith Aon obair nó gníomhaíocht mar thiománaí, mar chúntóir do thiománaí, mar stiúrthóir nó maoirseoir leanaí ar fheithicil mar a dtaistilíonn leanaí gan tionlacan tuismitheora ná caomhnóra Aon obair nó gníomhaíocht mar bhall den Gharda Síochána, a bhaineann rochtain ar leanaí nó teagmháil leo lena saotha

AGUISÍN 2: SAINMHÍNITHE AR MHÍ-ÚSÁID

Na ceithre phríomhchineál drochúsáide

Bunaithe ar **Chaibidil 2 de Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017** maidir leis na ceithre phríomhchineál drochúsáide agus conas is féidir drochúsáid agus faillí a aithint, ní mór don fhoireann go léir a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis seo chun a chur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

Faillí

Tarlaíonn an fhaillí nuair nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim nó maoirseachta sa mhéid agus go ndéantar díobháil cholanda nó fhorbartha don leanbh. Sainmhínítear í go ginearálta i dtéarmaí an chúraim, ina mbíonn sláinte, forbairt nó leas an linbh lagaithe de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagtha intleachtúil nó maoirseachta agus sábháilteachta.

Féadann faillí mhothúchánach teacht freisin ó dheacrachtaí ceangail a bheith ag an leanbh. Tá réimse fachtóirí in ann dul i bhfeidhm ar mhéid na díobhála ar shláinte, forbairt nó leas an linbh. Áirítear leis na fachtóirí sin méid an tionchair dhearfaigh ar shaol an linbh, más ann dó, chomh maith le haois an linbh agus minice agus comhsheasmhacht na faillí.

Baineann an fhaillí leis an mbochtanas, ach ní hamhlaidh gurb é an bochtanas is cúis léi. Tá sí ceangailte go láidir le drochúsáid substaintí ag tuismitheoirí, leis an bhforéigean teaghlaigh, le meabhairghalar tuismitheora agus le míchumas.

- Bheadh imní réasúnta do leas an linbh ann nuair a éiríonn an fhaillí ina gné choitianta sa ghaol idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir. D'fhéadfadh sí sin éirí soiléir mar a bhfeiceann tú leanbh thar thréimhse ama, nó féadann iarmhairtí na faillí a bheith follasach bunaithe ar amharc amháin ar an leanbh.

Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh le d'fhaillí linbh:

- Leanaí fágtha ina n-aonar gan dóthain cúraim agus maoirseachta
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta
- Gan forás ar chúis neamhorgánach, .i. gan méadú a bheith ag teacht ar an meáchan, ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothachta mothúchánaí freisin
- Gan dóthain soláthair a bheith á dhéanamh do riachtanais leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil
- Coinníollacha cónaithe easnamhacha - coinníollacha míshláintiúla, saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear easpa teasa agus dóthain troscán
- Easpa éadaí cuí
- Neamhaird don sláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus an leanbh a bheith i mbaol contúirte, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta atá cuí d'aois an linbh
- Loiceadh leanúnach sa fhreastal scoile
- Tréigean nó fágáil

Mí-úsáid mhothúchánach

Is ionann drochúsáid mhothúchánach agus drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíochta an linbh mar chuid den chaidreamh foriomlán idir an cúramóir agus an leanbh. Ní mheastar deacrachtaí aonuaire ná deacrachtaí a tharlaíonn anois is arís idir tuismitheoir/cúramóir agus leanbh mar dhrochúsáid mhothúchánach.

Tarlaíonn dhrochúsáid nuair nach sásaítear riachtanas bunúsach an linbh maidir le haird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil de bharr éagumais nó neamhshuime a dtuismitheoirí nó a gcúramóirí.

Is féidir leis an drochúsáid mhothúchánach tarlú nuair a bhíonn an duine fásta atá freagrach as cúram a thabhairt don leanbh neamheolach agus gan a bheith ábalta (ar réimse cúiseanna) éilimh mhothúchánacha agus forbartha a linbh a shásamh.

Níl sé éasca drochúsáid mhothúchánach a aithint toisc nach bhfeictear na héifeachtaí go furasta. Beidh imní réasúnta do leas an linbh i gceist nuair a éiríonn an t-iompar ina ghné choitianta sa chaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir.

Is féidir an dhrochúsáid mhothúchánach a aithint i gcuid de na bealaí seo a leanas:

- Diúltú
- Easpa compoird agus grá
- Easpa ceangail
- Easpa spreagtha iomchuí (m.sh spraoi agus súgradh)
- Easpa leanúnachais chúraim (m.sh. gluaiseachtaí rialta, go háirithe cinn neamhphleanáilte)
- Easpa leanúnach molta agus spreagtha
- Cáineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán leanúnach ar an leanbh
- Tromaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó cion don leanbh ar a gcuid iompair nó gníomhartha
- Róchosantacht mhíchuibheasach
- Pionós neamhchorpartha míchuí (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas i seomra leapa)
- Coimhlintí leanúnacha teaghlaigh agus foréigean teaghlaigh
- Ionchais mhíréasúnacha de leanbh i gcoibhneas lena n-aois agus lena gcéim forbartha

Ní bheidh comhartha fisiciúla ar bith den drochúsáid mhothúchánach le suntas mura dtarlaíonn sí le cineál drochúsáide éigin eile. Féadtar comharthaí na drochúsáide mothúchánaí a fheiceáil i leanbh trína mbearta nó trína mothúcháin ar roinnt bealaí. Áirítear leo sin ceangal neamhdhiongbháilteachta, míshonas, lagmheas orthu féin, tearcghnóthachtáil oideachasúil agus forbartha, glacadh rioscaí agus iompar ionsaitheach.

Ní mór a thuiscint nach mbíonn táscaire ar bith ina fhianaise dhochloíte den dhrochúsáid mhothúchánach. Is dóichí ná a mhalairt go rachaidh an dhrochúsáid mhothúchánach i bhfeidhm go diúltach ar leanbh má maireann sí thar thréimhse an-fhada agus bhíonn easpa fachtóirí cosantacha eile i gceist.

Mí-úsáid chorpartha

Tarlaíonn drochúsáid chorpartha gach uair a dhéanann duine éigin díobháil chorpartha do leanbh d'aon ghnó nó gcuirtear an leanbh i mbaol a bheith gortaithe go colanda. Is féidir é sin a bheith ina eachtra amháin nó ina phatrún d'eachtraí. Bíonn imní réasúnta ann má dhéantar díobháil, nó go bhféadfadh díobháil bheith déanta, do shláinte agus/nó forbairt an linbh mar thoradh ar dhrochúsáid chorpartha a bhfuiltear san amhras faoi.

Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh le drochúsáid chorpartha:

- Pionós corpartha
- Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil
- Brú, creathadh nó caitheamh
- Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige
- An iomarca fórsa a úsáid le láimhsiú
- Nimh a thabhairt do dhuine d'aon ghnó
- Plúchadh
- Tinneas cumtha/spreagtha
- Ciorrú baill ghiniúna ban

Drochúsáid ghnéasach

Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh dá sásamh nó dá spreagadh gnéasach, nó do shásamh nó spreagadh daoine eile. Áirítear leis sin baint a bheith ag an leanbh le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáiteach) nó nochtadh an linbh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó trí phornagrafaíocht.

Is féidir le speictream leathan gníomhaíochtaí drochúsáide a bheith i gceist le drochúsáid ghnéasach leanaí. Is annamh gur eachtra amháin a bhíonn i gceist agus tarlaíonn sé thar achar blianta i roinnt cásanna. Is coitianta go dtarlaíonn an dhrochúsáid ghnéasach laistigh den teaghlach, lena n-áirítear siblíní níos sine agus daoine muinteartha.

Tagann cásanna de dhrochúsáid ghnéasach chun cinn den chuid is mó trí thuairisciú ón leanbh féin nó siblíní/cairde; ó amhras a bhíonn ar dhuine fásta, agus/nó trí airíonna fisiciúla.

Ní mór a thuiscint gur féidir le gníomhaíocht ghnéasach le duine óg a bheith ina drochúsáid ghnéasach fiú mura n-aithníonn an duine óg féin gur drochúsáid atá i gceist.

Áirítear na samplaí seo a leanas mar dhrochúsáid ghnéasach ar leanaí:

- Gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aon ghnó i láthair linbh
- Cuireadh chun méirínteachta gnéasaí nó méirínteacht nó ainteagmháil d'aon ghnó ar chorp linbh, bíodh sí ag duine nó ag oibiacht éigin chun críche an spreagtha nó an tsásaimh ghnéasaigh
- Glacaireacht i láithreacht linbh nó baint a bheith ag leanbh le gníomh glacaireachta
- Comhriachtain ghnéasach le leanbh, bíodh sé sin ina gnéas béil, faighne nó tóna

Dúshaothrú gnéasach ar leanbh, lena n-áirítear cuireadh, spreagadh nó comhéigniú linbh chun a bheith páirteach in:

- striapachas nó i dtáirgeadh pornagrafaíochta leanaí , mar shampla, nochtadh, mainicíneacht nó galamaisíocht chun críche spreagtha nó sásaimh ghnéasaigh, nó do ghníomh gnéasach éigin, lena n-áirítear taifead (ar scannán, fístéip nó meáin eile) nó mí-ionramháil chuige sin, d'íomhá le ríomhaire nó le bealach éigin eile
- Cuireadh a thabhairt, comhéigniú a dhéanamh nó spreagadh a thabhairt do leanbh a bheith páirteach in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó gáirsiúil, nó chun féachaint orthu
- Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí, mar gur minic é sin a bheith ina ghné den phróiseas 'mealltóireachta' ag na daoine a dhéanann drochúsáid
- Nochtadh linbh d'ábhar míchuí nó drochúsáide trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil ina mbíonn duine fásta agus duine faoi aois páirteach

Bulaíochta

Aithnítear go dtéann an tromaíocht i bhfeidhm ar bheatha líon méadaitheach leanaí, agus is féidir imníocha fíora a ghiniúint léi faoi leas linbh. Leagtar amach in **Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017** gur féidir an tromaíocht a shainmhíniú mar ionsaí athfhillteach Bíodh sé íde béile, síceolaíochta nó fisiciúil a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne daoine eile. In Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017, déantar cur síos ar thromaíocht mar iompar a bhíonn cráiteach agus imeaglach d'aontoil, agus tarlaíonn sé den chuid is mó i measc leanaí i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós scoileanna. Áirítear léi nósanna iompair ar nós ionsaitheachta fisiciúla, an chibearthromaíocht, damáiste do mhaoin, imeagla, leithlisiú/eisiamh, maslú, béadán mailíseach agus sracadh. Is féidir leis an tromaíocht bheith mar mhí-úsáid freisin bunaithe ar aitheantas inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneachas agus fachtóirí reiligiúnacha. Is amhlaidh i gcás na bhforbairtí sa teicneolaíocht nua-aimseartha gur féidir le leanaí bheith ina n-íospartaigh freisin don tromaíocht neamhtheagmhálach, trí mheán na bhfón póca, an idirlín agus na ngaireas pearsanta eile

